



**COMHAIRLE CHONTAE LONGFOIRT**  
**Tuarascáil Bhliantúil 2009**



Bongphort Uí Fhearghail





## CLÁR

|                                                                                                       |    |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------|----|
| Brollach – Comhairleoir Peggy Nolan, Méara.....                                                       | 2  |
| Réamhrá – An tUas. Tim Caffrey, Bainisteoir Contae .....                                              | 3  |
| Comhaltaí Chomhairle Chontae Longfoirt .....                                                          | 4  |
| Ballraíocht na gCoistí um Beartais Straitéiseacha.....                                                | 6  |
| Tuarascáil maidir le hOibriú na gCoistí um Beartais Straitéiseacha .....                              | 7  |
| Príomh Limistéir Feidhmithe Dualgais.....                                                             | 10 |
| Infreastruchtúr agus Seirbhísí Comhshaoil .....                                                       | 11 |
| Tithíocht, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála.....                                                       | 27 |
| Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail, Seirbhísí Corparáideacha & Cultúrtha agus<br>Acmhainní Daonna ..... | 39 |
| Airgeadais agus Teicneolaíocht Faisnéise.....                                                         | 71 |
| Tuarascáil Bhliantúil um Dhul Chun Cinn an Phlean Corparáidigh<br>(2005-2009) .....                   | 75 |

## BROLLACH

### COMHAIRLEOIR PEGGY NOLAN, MÉARA



Mar Mhéara Contae an Longfoirt is le bród mór a cuirim Tuarascáil Bhliantúil na Comhairle 2009 ag sonrú na gníomhaíochtaí na Comhairle i rith na bliana os bhur gcomhair. Is áis luachmhar é an foilseachán seo do ábhar tagartha agus eolas maidir le réimse leathan seirbhísí na Comhairle.

Déanann an Tuarascáil Bhliantúil an méid atá bainte amach ag an gComhairle a thaifead agus an dul chun cinn atá déanta maidir leis na spriocanna a bhí san áireamh sa Phlean Corparáideach glactha ag Comhairle Chontae an Longfoirt i 2004 a bhaint amach. Tharla fás agus forbairt ollmhór sa chontae i rith na bliana agus úsáideadh Plean Forbartha an Chontae mar theimpléid chun smacht a choimeád ar luas agus leibhéal an fhorbartha.

Déantar príomh fheidhmeanna Comhairle Chontae an Longfoirt a sholáthair trasna ceithre Stiúrtóireachtaí. Tá dúshlán suntasacha in aghaidh gach Stiúrtóir Seirbhíse ag bainistiú na seirbhísí lena mbaineann a fhreagracht. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Stiúrtóirí Seirbhíse agus gach aon fhostaí de Chomhairle Chontae an Longfoirt, laistigh agus lasmuigh, as ucht a n-iarrachtaí in seirbhís proifisiúnta agus éifeacht a sholáthair. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le baill thofa de Chomhairle Chontae an Longfoirt as ucht a n-aird dúthrachtach ar a gcuid oibre a chinntíonn go ndéantar freastal ar ard chaighdeán ar gach chuid den Chontae. Ba mhaith liom, ach go háirithe, an Leas-Mhéara Comhairleoir Gerry Brady as ucht a chomhairle agus chúnamh a thug sé dom i rith mo théarma san oifig.

Leis an timpeallacht eacnamaíochta atá ann faoi láthair agus le dífhostaíocht ag ardú agus aistarraingt eacnamaíoch réamh-mheasta, beidh ról ceannaireachta Chomhairle Chontae an Longfoirt in ár gContae níos suntasaí ná riamh roimhe seo. Tá na dúshlán maidir le cothabháil leibhéil sheirbhísí le acmhainní laghdaithe agus ioncam meata atá roimh Fheidhmeannach na Comhairle agus na Comhaltaí Tofa, scanrúil. Sé mo thuairim, áfach go sárófar na dúshlán seo.

Mar chríoch, guím gach rath ar gach duine i 2010 agus gealaim mo thiomantas leanúnach, oibriú ar son todhchaí lonrach do gach duine gur rogha dóibh 'Baile' a ghlaoch ar Longfort. Molaim an tuarascáil seo do mhuintir an Longfoirt mar fhorbhreathnú iontach ar an obair déanta ag an gComhairle seo i 2010.

Peggy Nolan  
Méara

# RÉAMHRÁ

## An tUas. TIM CAFFREY, BAINISTEOIR CONTAE

Tá áthas orm mar Bhainisteoir Contae, Tuarascáil Bhliantúil Comhairle Chontae Longfoirt 2009, a chur i láthair.

Chuir an tiomantas d'athchóiriú na hearnála poiblí agus na srianta cáinainéise agus srianta foirne, go leor dúshláin nua i láthair na heagraíochta i 2009. De thoradh, tabhairt isteach go luath i 2009 Moratorium foirne mar aon le réimse Scéimeanna dreasaigh ar nós na Scéimeanna Scor agus Sos Gairme, tá cailliúint mhór sa lucht oibre agus go leor eolais agus saineolais forbartha thar na blianta.



Mar fhreagra ar na hathraithe drámatúla in ár dtimpeallacht oibriúcháin, bhí líon de thosaíochtaí straitéiseacha nua aitheanta le ceapadh an Plean Corparáideach 2009 na heagraíochta. Beidh an Plean seo in ann cruth a chur ar ár gcrua chúige i leith forbartha polasaithe agus soláthair seirbhísí don chúig bhliain amach romhainn.

Ba é an phríomh dúshlán ná freagair agus athrú go han-tapaigh san eagraíocht. Léirigh na fostaithe sástacht leanúint le tiomantas iomláin le soláthair na príomh sheirbhísí a choimeád in ainneoin na gcorraithe i maoiniú agus laghdú sa líon foirne.

D'oibrigh comhaltaí na Comhairle agus fostaithe le chéile ag coimeád an sprioc chéanna eatarthu agus tiomanta do sholáthair sheirbhísí agus bhog an Chomhairle chun cinn le roinnt tograí le dhá mhí dhéag anuas.

Mar thoradh, is féidir liom tuairisciú arís dul chun cinn dearfach i ngach réimse gníomhaíochta i 2009, na buaicphointí seo a leanas san áireamh:

- Críochnú roinnt forbairtí tithíochta i mBéal Átha na Lao agus Páirc an Bhaile
- Oscailt oifigiúil scéim tithíochta i gCnoc na Góla.
- Dul chun cinn suntasach Scéim Soláthair Uisce Réigiúin Láir Longfoirt
- Críochnú conradh na hoibreacha tosaigh ar an Scéim soláthair Réigiúnach Baile Uí Mhactháin
- Forbairt Cuain Cluain Dá Rath
- Stáisiún Dóiteáin Maitheas Troim
- Dul chun cinn go dtí céim an chonartha d'athchóiriú Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin

Mar thoradh ar Toghcháin Áitiúla i mBealtaine 2009 bhí athrú suntasach ar bhallraíocht na Comhairle, leis an tríú chuid den bhallraíocht ina gcomhaltaí nua thofa. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun fáilte a chur roimh an Chomhairle nua, agus táim ag súil le bheith ag obair in éineacht leo i rith téarma na Comhairle seo. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo bhuíochas a ghábhail leis na comhaltaí ag imeacht as ucht a n-ionchur luachmhar agus dearfach le obair na Comhairle, ar feadh blianta, ag obair ar son a gceantair.

Ba mhaith liom ionchur na bhfostaithe agus comhaltaí tofa a aithint as ucht a dtiomantas i rith na bliana. Feictear dúinn go leanfaidh ar feadh na bliana romhainn amach, na héilimh leagtha orainn go léir i rith 2009 de bharr dhúshláin na timpeallachta eacnamaíoch agus Clár Bunathraithe na Seirbhíse Poiblí agus táim muiníneach go fhreagróimid go dearfach na dúshláin go léir agus éagsúla le chéile.

Tim Caffrey,  
County Manager

# COMHALTAÍ COMHAIRLE CHONTAE LONGFOIRT



LARRY BANNON



PADDY BELTON



MICK CAHILL



BARNEY STEELE



Ballymahon



MARK CASEY




SEAN FARRELL



JOHN DUFFY



GERRY BRADY



• Drumlish



LUIE MCENTIRE



MARTIN MULLEADY

# COMHALTAÍ COMHAIRLE CHONTAE LONGFOIRT



THOMAS VICTORY



FRANK KILBRIDE



MICHEÁL CARRIGY



P.J. REILLY



DENIS GLENNON



MAE SEXTON



ALAN MITCHELL



PADRAIG LOUGHREY



PEGGY NOLAN



VICTOR KIERNAN



PAUL CONNELL

# BALLRAÍOCHT NA GCOISTÍ UM BHEARTAIS STRAITÉISEACHA 2009-2014

Mar thoradh ar na Toghcháin Áitiúla 2009, bhí gá le Coistí Um Bheartais Straitéiseacha nua de réir threoirlínte na Roinne.

Tá an bunús reachtúil le bunú Coistí Um Bheartais Straitéiseacha le fáil in Alt 48 d'Acht um Rialtais Áitiúil 2001. Tá foirmiú an Coistí Um Bheartais Straitéiseacha ceaptha le deis a thabhairt d'earnála leasmhara éagsúla tionchar a bheith acu ar fhorbairt pholasaithe ag an gComhairle.

Thogh Comhairle Chontae Longfoirt, ag a Cruinniú Cinn Bhliana a reáchtáladh ar an 19 Bealtaine 2009 Cathaoirligh Ceaptha maidir le na ceithre Coistí Um Bheartais Straitéiseacha mar aon le Méara, an Cathaoirleach Ceaptha ón nGrúpa Um Bheartais Corparáideacha.

Tá ballraíocht na gCoistí Um Bheartais Straitéiseacha déanta suas freisin de ionadaithe ón dá Údarás Áitiúla eile i gContae an Longfoirt agus grúpaí na hearnála leasmhara.

Bhí Scéim an Choiste Um Bheartais Straitéiseacha agus ballraíocht na gcoistí glactha go foirmiúil ag rún an Ballraíochta de Chomhairle Chontae Longfoirt ag cruinniú a reáchtáladh 20 Eanáir 2010.

| Coist Um Bheartais Straitéiseacha                                                                                                                          | Comhaltaí Comhairle Chontae                                                                                         | Comhaltaí Comhairle Bhaile         | Ionadaithe na hÉarnála                                                                                                                         | Iomlán    | Cathaoir                                                                                                   |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| Coiste Tithíocht Shóisialta, Pleanáil agus Rialaithe Tógála Um Bheartais Straitéiseacha                                                                    | <b>Comhairleoirí</b><br>- V. Kiernan<br>- M. Carrigy<br>- P. Nolan<br>- P.J. Reilly<br>- D. Glennon<br>- P. Connell | Comhairleoir Tony Flaherty         | <b>Forbairt agus Tógáil</b><br>- Kevin Hughes<br><b>Pobal agus Deonach</b><br>- Charlie Harrison<br>- Helena Doyle<br>- Paddy Howe             | 11        | Cathaoir – Céad Téarma<br>Cllr. Victor Kiernan<br><br>Dara Théarma<br>Ainmniúchán<br>Cllr. Micheál Carrigy |
| Coiste Iompair, Forbairt Bóthair Agus Sábháilteacht Bóthair Um Bheartais Straitéiseacha                                                                    | <b>Comhairleoirí</b><br>- A. Mitchell<br>- J. Duffy<br>- M. Cahill<br>- L. McEntire<br>- M. Casey                   | Comhairleoir Maura Kilbride Harkin | <b>Talmhaíocht agus Feirmeoireacht</b><br>- John Farrell<br><b>Ceard Chumainn</b><br>- Kieran Woods<br><b>Comhshaol</b><br>- Tara Keegan       | 9         | Cathaoir – Céad Téarma<br>Cllr. Alan Mitchell<br><br>Dara Théarma<br>Ainmniúchán<br>Cllr. John Duffy       |
| Seirbhísí Uisce agus Comhshaoil Um Bheartais Straitéiseacha                                                                                                | <b>Comhairleoirí</b><br>- G. Brady<br>- P. Belton<br>- S. Farrell<br>- P. Loughrey<br>- T. Victory                  | Comhairleoir John Maguire          | <b>Talmhaíocht agus Feirmeoireacht</b><br>- Sean Reilly<br><b>Comhshaol</b><br>- Ray Hogan<br><b>Pobal agus Deonach</b><br>- Noreen McLoughlin | 9         | Cathaoir – Céad Téarma<br>Cllr. Gerry Brady<br><br>Dara Théarma<br>Ainmniúchán<br>Cllr. Paddy Belton       |
| Coiste Forbartha Eacnamaíoch, Athnuachana Uirbeach, Ath-eagrú Tuaithe, Forbairt Oideachasúil Chultúrtha agus Caitheamh Aimsire Um Bheartais Straitéiseacha | <b>Comhairleoirí</b><br>- M. Mulleady<br>- B. Steele<br>- F. Kilbride<br>- L. Bannon<br>- M. Sexton                 | Comhairleoir James Keogh           | <b>Gnó agus Fostóirí</b><br>- Fintan McGill<br><b>Pobal agus Deonach</b><br>- Alan O'Toole<br><b>Cultúrtha</b><br>- Terry McKenna              | 9         | Cathaoir – Céad Téarma<br>Cllr. Martin Mulleady<br><br>Dara Théarma<br>Ainmniúchán<br>Cllr. Barney Steele  |
| <b>IOMLÁN</b>                                                                                                                                              | <b>21</b>                                                                                                           | <b>4</b>                           | <b>13</b>                                                                                                                                      | <b>38</b> |                                                                                                            |

## TUARASCÁIL MAIDIR LE hOIBRIÚ NA GCOISTÍ UM Bheartais Straitéiseacha I Rith 2009

# TUARASCÁIL MAIDIR LE HOIBRIÚ NA GCOISTÍ UM BHEARTAIS STRAITÉISEACHA I RITH 2009

## SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS BEARTAIS CHOMHSHAOIL

Bhuail an Coiste um Bheartais Straitéiseach Seirbhísí Uisce agus Comhshaol le chéile dhá uair i rith 2009. Phllé an C.B.S na nithe agus moltaí seo a leanas:

### 26 Eanáir 2009

- Dréacht dlíthe 2008 Comhairle Chontae Longfoirt (Stóráil, Cur i láthair, Deighilte, and Bailiú Bruscar Teaghlaigh).
- Dréacht Beartais Feidhmiúcháin ar Ghníomhaíochtaí Mí-dleachta Dramhaíola
- Rialacháin Chaomhnaithe Uisce 2008.

### 1 Aibreán 2009

- Dréacht Beartais Feidhmiúcháin ar Ghníomhaíochtaí Mí-dleachta Dramhaíola
- Painéal Custaiméara
- Costas Tógáil Isteach Grúp Scéimeanna Uisce Príobháideacha

## IOMPAR, AGUS FORBAIRT BÓTHAR, COTHABHÁIL AGUS SÁBHÁILTEACHT BHÓTHAIR

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseach le chéile dhá uair i rith 2009 leis an phríomh chuspóir, a chinntiú go gcabhraíonn beartais iompair infreastruchtúrtha agus infheistíochta, forbairt eacnamaíoch agus sóisialta Contae Longfoirt , agus go gcaomhnaíonn agus go bhfeabhsaíonn siad tarraingteacht áirithe an chontae agus a timpeallacht mórthimpeall.

**Seo a leanas dátaí na gcruinnithe:-**

- 2 Feabhra 2009
- 6 Aibreán 2009

**Seo a leanas na príomh ghnéithe le plé agus le cuir san áireamh:-**

1. Straitéis Sábháilteacht Bhóthair Longfoirt
2. Beartas agus Modhanna Cothabhála Geimhridh na Bóithre
3. Beartas le haghaidh Dúnadh Bóithre
4. Beartais le forbairt i 2010 a aithint

Chríochnaigh téarma an Choiste um Beartais Straitéiseach i Meitheamh 2009.

## BEARTAIS TITHÍOCHTA & SÓISIALTA, BEARTAIS PLEANÁLA AGUS SRIANTA TÓGÁLA

Bhuail an CBS Tithíochta & Beartais Shóisialta, Pleanála & Beartais Srianta Foirgnimh le chéile dhá uair i rith 2009. Seo a leanas dátaí na gcruinnithe:

- 26 Eanáir 2009
- 20 Aibreán 2009

Seo a leanas liosta de na príomh nithe faoi chaibidil ag an gCoiste i 2009

- Clár Lóistín do Thaistealaithe 2009-2013
- Bailiú Bruscar in Eastáit an Údaráis Áitiúil – chomh-chruinniú leis an CBS Comhshaol agus Seirbhísí Uisce
- Pobal Síomón Láir Thíre – Cur i láthair
- Ullmhú Clár Daoine Gan Dídean Longfoirt
- Scéimeanna Deontais Tithíocht a chur in Oiriúint a Mheas
- Staitisticí Pleanála 2006/2007/2008

## BEARTAIS EACNAMAÍOCH, UIRBEACH AGUS TUATH AGUS FORBAIRT TUAITHE, CULTÚRTHA AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

Bhuail an Coiste Um Bheartais Straitéiseach le chéile dhá uair i 2009. Phlé an coiste na nithe beartais seo a leanas:

- Forbairt Tionsclaíoch
- Forbairt Cuain Dá Ráth
- Páirceanna Gnó
- Músaem Contae Longfoirt
- Barraic Uí Chonghaile
- Clár Forbartha Leabharlainne
- Músaem Contae Longfoirt
- Linn Snámha Longfoirt
- Clár Feasachta Míchumais
- Bord Forbartha Contae Longfoirt
- Grúpa Oibre Cuimsiú Sóisialta
- Fóram Pobail agus Deonach
- Comhairle na nÓg
- Traenáil Comhairle na Mac Léinn
- Modúil ar Rialtas Áitiúil le daltaí na h-idir bhliana
- Comórtas Mórtas Áite Náisiúnta 2009
- Comórtas Mórtas Longfoirt 2009
- TCI
- Straitéis Turasóireachta
- Comharthaí Sráidbhailte agus Contae
- Páirtíocht Spóirt
- Coistí Nasctha Póilíneachta
- Próifíl Bochtanaí/Straitéis Cuimsithe Sóisialta
- Grúpa Idireagraíochta na dTaistealaithe

## PRÍOMH LIMISTÉIR FEIDHMITHE DUALGAIS

Cuirtear na seirbhísí príomhúil de Chomhairle Chontae Longfoirt ar fáil laistigh den struchtúr Stiúirthóireachta seo a leanas. Clúdaíonn na ceithre Stiúirthóireacht na limistéir de: -

- Infreastruchtúr agus Seirbhísí Comhshaoil
- Tithíocht, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála
- Forbairt Eacnamaíoch agus Pobail, Seirbhísí Corparáideacha agus Cultúrtha agus Acmhainní Daonna
- Airgeadais agus Córais Faisnéise



## INFREASTRUCHTÚR AGUS COMHSHAOL





Cllr. Alan Mitchell,  
Cathaoirleach CBS  
Iompair



Cllr. Gerry Brady,  
Cathaoirleach CBS  
Seirbhísí Uisce agus  
Comhshaoil



An tUas. Ciaran  
Murphy  
A/Stiúrthóir Seirbhísí

# INFREASTRUCHTÚR AGUS COMHSHAOL

## SEIRBHÍSÍ UISCE

**Príomh Chuspóir:** *Soláthair, feabhsú agus cothabháil an t-infreastuchtúir uisce agus fuíoll uisce ar fud an Chontae chun soláthair dhóthanach uisce ar ard chaighdeán agus caomhnú na timpeallachta a uasmhéadú chun forbairt eacnamaíocht agus sóisialta an Chontae a chur chun cinn.*

### INFREASTRUCHTÚR SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá cúig scéim réigiúnach ag freastal ar Chontae Longfoirt agus meastar go bhfuil 85% den daonra ag fáil seirbhís uisce i bpiobáin cóireáilte go dtí caighdeán an AE.

Seo a leanas na scéimeanna: Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag/Baile Nua an Chaisil, Longfort Lárnach, Loch Gowna agus Gránard.

Déantar monatóireacht ar Chaighdeán um Uisce Óil ag Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte ar bhonn eagraíochta do Chomhairle Chontae Longfoirt de réir an AE (Caighdeán Uisce atá ceaptha le Tomhaltas ag Daoine) Rialacháin, 2000. Déantar na torthaí neamh- chomhlíonadh ar fad a thuairisciú leis an Rialtas Áitiúil le haghaidh an gníomhaíocht chuí.

Faoi na Rialacháin Nua Um Uisce Óil, S.I. No. 278 de 2007 Rialacháin an Aontais Eorpaigh Rialacháin (Uisce Óil) Uimh.2 2007, sé an GCC an t-údarás maoirseachta le haghaidh Grúp Scéimeanna Uisce (GSU) agus Soláthair Beaga Príobháideacha (SBP). Is ról rialúcháin é seo do Chomhairle Chontae Longfoirt atá méadaithe go mór.

Tá an t-Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 á chur i bhfeidhm i gcónaí i roinnt céimeanna, agus chomh maith leis sin méadaíonn sé ról rialúcháin Comhairle Chontae Longfoirt.

D'ullmhaigh an Chomhairle Plean Straitéiseach Um Uisce Tuaithe, Measúnú Gréasáin agus Plean Athshlánaithe agus Sochar Spásúil GIS/Córas Eolais Iomláin de na bealaí uisce agus séarachais sa Chontae.


Tá aon scéim séarachais poiblí déag sa Chontae: Baile Uí Mhatháin, Caonach, Béal Átha Liag, Baile Longfoirt, Newtownforbes, Droim Lís, Liagán, Mainistir na Shruthla, Gránard, Maitheas Troim agus Cluain dá Ráth.

Tá na Rialacháin um Fhuíoll Uisce Sceitheadh (Ceadú) 2007 sínithe sa reachtaíocht. Caithfidh sceitheadh fuíoll uisce na hÚdaráis Seirbhísí Uisce a chur faoi na Rialacháin nua, agus tá ceadúnú ón GCC riachtanach.

Fuair Chomhairle Chontae Longfoirt ceadúnas GCC don Ionad Cóireála Fuíoll uisce ag na Cartúin i Mean Fómhair 2008

Fuarthas Ceadúnas le haghaidh Ionad Cóireála Fuíolluisce Baile Uí Mhachan ón GCC ar an 15 Nollaig 2009.

Bhí tuilleadh iarratais le haghaidh Ionaid Cóireála Fuíoll uisce ullmhaithe go himmheánach agus curtha go dtí an GCC do Bhaile Uí Mhatháin, Granárd, Maitheas Troim, Droim Lís, Newtownforbes Caonach agus Mainistir na Shruthla,



*Figure 1 Learscaíl de Greasáin Réigiúnach Contae Longfoirt*

## CAOMHNÚ UISCE

Lean an obair ar aghaidh ar an Togra Caomhnaithe Uisce Céim 2. Tá na Limistéir Ceantair Méadair (LCM) ar fad bunaithe agus tá na srutha teiliméadracht agus monatóireachta curtha isteach. Leanadh freisin ar aghaidh ag lorg sceite agus leanadh freisin le obair dheisiúcháin. Laghdaigh an togra seo go suntasach, Uisce Neamh-Chuntas go dtí ar an meán, 290 litear san Chiliméadar príomhlíonra uisce san uair, atá go maith i gcomparáid le figiúirí comhlachtaí uisce ón Ríocht Aontaithe.

Ar an iomlán caitheadh €1,672m ar chéim 2 phás 1 den Togra Caomhnaithe Uisce. I gCéim 2 phás 2 den Choamhnú Uisce cuireadh breis maoinithe de €750,000 ar fáil le cheile ag RCORA agus Comhairle Chontae Longfoirt le haghaidh tuilleadh fáil sceite ligin, deisiúcháin agus cothabháil Limisiteir Ceantair Méadair ann cheana féin.

Tá conradh Athshlánú Greasáin Céim 3 phás 1 ag dul ar aghaidh agus ceaptar go dtosóidh obair thógála i 2010.

Cuireadh iarratas ar Chéim 3 phás 2 oibreacha athshlánaithe isteach le haghaidh aontaithe chuig RCORA Tá críoch substaintiúil sroichte ag an Mheadaireacht Uisce Neamh-Theaghlaigh agus thosaigh custaiméirí ag fáil billí i 2007. Leanfar leis an togra cothabháil méadair chustaiméirí don todhchaí agus le haghaidh billeáil custaiméirí neamh-theaghlaigh.

## CLÁR INFHEISTÍOCHTA SEIRBHÍSÍ UISCE 2007 – 2009

| Scéimeanna le tosú 2007 W/S                                                                                                                                                                                                                           | Costas mea € |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------|
| Scéim Searachais Maitheas Troim (Laghdú Cothaithigh) S                                                                                                                                                                                                | 600,000      |
| • <i>Oibreacha críochnaithe Nollaig 2007</i>                                                                                                                                                                                                          |              |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Longfoirt. (Taiscumar agus Píblínte) W                                                                                                                                                                               | 7,500,000    |
| • <i>Oibriúcháin le críochnú faoi Mhárta 2010</i>                                                                                                                                                                                                     |              |
| <b>Scéimeanna le tosú 2008</b>                                                                                                                                                                                                                        |              |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Bhaile Uí Mhachan (Feabhsúchán) W                                                                                                                                                                                    | 4,500,000    |
| • <i>Oibreacha Sibhialta chun cinn críochnaithe. Doiciméid Tairisceana do uasghrádú WTW agus píblínte díreach tarraingthe suas</i>                                                                                                                    |              |
| Scéim Soláthair Réigiúnach Gránard W                                                                                                                                                                                                                  | 6,500,000    |
| • <i>Doiciméid tairisceana do chonradh d'uasghrádú WTW agus conradh píblínte a bheith tarraingthe suas</i>                                                                                                                                            |              |
| Scéim Séarachais Longfoirt Phás 2 (Séaraigh Nua) S                                                                                                                                                                                                    | 5,700,000    |
| • <i>Plean Ceantair Áitiúil ceaptha</i>                                                                                                                                                                                                               |              |
| <b>Scéimeanna le tosú 2009</b>                                                                                                                                                                                                                        |              |
| Scéimeanna Séarachais1 Droim Lis agus Newtownforbes S                                                                                                                                                                                                 | 8,300,000    |
| • <i>Oibreacha Tógála críochnaithe Meán Fómhair 2010 DBO le teacht</i>                                                                                                                                                                                |              |
| <b>Schemes to Advance Through Planning</b>                                                                                                                                                                                                            |              |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Béal Átha Liag W                                                                                                                                                                                                     | 8,000,000    |
| • <i>Comhairleoirí agus uasdhátú Réamh-Thuairisc</i>                                                                                                                                                                                                  |              |
| Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Longfoirt Phás 12 W                                                                                                                                                                                                  | 7,000,000    |
| • <i>Tairisceana do uasghrádú WTW Loch Foirbis faighte. Doiciméid Tairisceana do chontadh píblínte agus taiscumar bheith tarraingthe suas</i>                                                                                                         |              |
| Staidéar Féidearthachta Scéim Séarachais Bailte agus Sráidbhailte Longfoirt Grúpáilte (Abbeylara, Mainistir Shruthla, Béal Átha na Muc, Barry, Coill na Sí, Ennybegs, Legga, Moydow, Maighean, Baile Nua an Chaisil, Páirc na Cloiche and Taghshinny) | 8,060,000    |
| • <i>Níor cheadaíodh maoiniú ag RCORA</i>                                                                                                                                                                                                             |              |
| Scéim Séarachais Baile Longfoirt (Athbhreithniú Greasáin, Ionad Cóireála Fuíoll Uisce agus Ionad Moil le haghaidh Sloda) S                                                                                                                            | 9,760,000    |
| • <i>Achomair leis an RCORA roimh chomhairleoir a fháil.</i>                                                                                                                                                                                          |              |

**Tosaíocht Baile agus Sráidbhailte Tuaithe**

|                                                       |           |
|-------------------------------------------------------|-----------|
| Ardagh/ Ballinalee/ Aughnacliffe Sewerage Schemes 1 S | 4,000,000 |
|-------------------------------------------------------|-----------|

- *Thosaigh Tógáil Greasán Lúnasa 2009. DBO le teacht*

|                                                                     |           |
|---------------------------------------------------------------------|-----------|
| Soláthair Uisce Béal Átha Liag Céim 1 ( Forbairt Páirc an Tobair) W | 1,400,000 |
|---------------------------------------------------------------------|-----------|

- *Uasdhátú Réamh-Thuairisc ag na Comhairleoirí*

**Leithdháileadh Caomhnú Uisce**

|                                                          |           |
|----------------------------------------------------------|-----------|
| • <i>Tosú Tógáil ar Chonradh Athshlánú Gréasáin 2010</i> | 4,200,000 |
|----------------------------------------------------------|-----------|

**Staidéar Sócmhainní Bainistíochta**

|                          |        |
|--------------------------|--------|
| • <i>Mapáil Greasáin</i> | 30,000 |
|--------------------------|--------|

**Clár Iomlán**

|  |                   |
|--|-------------------|
|  | <b>75,550,000</b> |
|--|-------------------|

1 Nasccha le chéile mar Scéim Ghrúpa DBO

2 Oibreacha ag teacht ón Athbhreithniú Stráitéiseach

**CAIPITEAL SEIRBHÍSÍ UISCE**

Lean Comhairle Chontae Longfoirt ar aghaidh le Clár Infheistíochta Seirbhís Uisce ar feadh 2009.

Críochnaíodh an Scéim Um Laghdú Cothaithe i gCóireáil Fuíolluisce, Maitheas Troim i 2007. Soláthraíonn an Scéim seo cóireáil tógáil amach fosfáite ionas go sásófaí na Rialacháin Uirbeacha Um Cóireáil Fuíoll uisce

I gceist leis an Scéim Soláthair Uisce Réigiúin Láir Longfoirt Céim 6 - Taiscumar agus Píblínte tá soláthair taiscumar stórála le haghaidh uisce áitiúil ag Cnoc an Chatha do bhaile Longfoirt agus an cheantar máguaird agus soláthair trunc príomhphíobán do thaiscumar stórála ann cheana féin ag Prochlaois go dtí an taiscumar nua ag Cnoc an Chatha. Thosaigh an obair thógála i Lúnasa 2008 agus ba cheart go gcríochnófar i Márta 2010 í.

Tá obair imithe chun cinn ar Scéim Séarachais an Chúig Sráidbhailte (Ardach, Achadh na Cloiche, Béal Átha na Lao, Droim Lis agus Newtownforbes) le tosú na hoibreacha tógála an dá chonartha nua gréasáin don Scéim seo. Críochnaíodh conradh gréasáin Droim Lis agus Newtownforbes i 2009 le Ardach, Achadh na Cloiche, Béal Átha na Lao measta le bheith críochnaithe i 2010. Leanfaidh soláthair na hIonaid Cóireála le Dearthóireacht, Tógáil agus Conradh Oibriúcháin leis na hoibreacha tógála le tosú i 2011.

Lorg Comhairle Chontae Longfoirt cead ón RCORA le haghaidh maoinithe do feabhsúcháin ollmhóra infreasturctúir, san infreasturctúr Uisce agus Fuíolluisce. Cinnteoidh cead faighte i 2007 do Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Láir Longfoirt Phás 1, Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Baile Uí Mhachan agus Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Gránard, infheistíocht leanúnach in Infreasturctúr Seirbhís Uisce. Is cuid an-tábhachtach é seo d'fhorbairt fad téarmach inbhuanaithe an Chontae.

I gceist le Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Láir Longfoirt Phás 1, tá uasghrádú de Oibreacha Cóireála Uisce Loch Foirbis (WTW), príomh phóibán ag ardú ó Loch Foirbis go dtí Taiscumair Phrochlaois agus ó Ghleannach go dtí Taiscumair Lios na nUamhanach agus Taiscumair nua ag Prochlaois agus Lios na nUamhanach.. Tá beartaithe uasghrádú oibriúcháin/gearr théarmach ag Loch Foirbis WTW a thosú i 2010.

I gceist leis na hoibreacha tá uasghrádú an Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Baile Uí Mhatháin ag Mainistir Shruthla WTW agus dáileadh príomhphóibáin go dtí Maitheas Troim, Caonach agus Forгнаí agus ba cheart go dtosófar, deireadh 2010. I gceist le oibreacha uasghrádú Scéim Soláthair Uisce Réigiúnach Gránard ag Kinale WTW agus ag ardú ó phríomh phóibáin ó Loch Kinale go dtí Taiscumair Ráth Chrónáin ag ba cheart go dtosófar deireadh 2010.

Cheadaigh an Roinn cuimsiú Scéimeanna Séarachais Liagán agus Caonach sa Chlár Infheistíochta Réigiúnach Seirbhísí Uisce ar iarratas ón gComhairle.

## CLÁR UISCE TUAITHE

### GRÚ SCÉIMEANNA UISCE/SÉARACHAS

I Márta 2009, thug an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil comhairle do Chomhairle Chontae Longfoirt maidir le Dáileadh bloc dheontas de €620,000 don bhliain 2009 do na Grúp Scéimeanna Nua Uisce, Uasghrádú Grúp Scéimeanna Uisce agus Tháthcheangal Grúp Scéimeanna Uisce.

Fuarthas iarratais le haghaidh grúp scéimeanna uisce/séarachas ó Bhaile an Churraigh Uimh. 2 GWS, Dúlroc GWS agus Mainistir Shruthla Grúp Scéim Séarachais.

Déanadh obair dhearathóireachta agus/nó thógála ar na scéimeanna seo a leanas i 2009:- Formaoil GWS, Mainistir Shruthla GWS, Maigh Dumha GWS, Achadh Corr an Draighneáin GWS.

Críochnaíodh oibreacha uasghrádú ar Chluain Mór/Coill Mhór GWS agus Fastrach GWS.

Déanadh obair ar na scéimeanna seo a leanas chun an tÚdarás Áitiúil a thabhairt chun cinn ag glacadh seilbh ar an scéim:- Ardach GWS, Baile an Churraigh GWS, Ceide Dhroim an Lao GWS, Baile an Chlocháin GWS, Droim Iúir GWS, Greallach/Doire Fhada GWS agus Achadh na Cloiche GWS.

Tháinig an Coiste Monatóireachta um Uisce Tuaithe Longfoirt le chéile dhá uair i rith na bliana 2009 le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun sinn cur i bhfeidhm an Chláir um Uisce Tuaithe. Fuar an coiste Comhairle faoin clár oibre reatha agus na dualgais faoi na nithe éagsúla. Pléadh Rialacháin an AE Um Uisce Óil 2007 go mion, mar a bhí na hiarratais le haghaidh seilbh a ghlacadh ar na Grúp Scéimeanna Uisce agus na himpleachtaí a bheidh le cealú an mhaoiniú CLÁR.

Cheadaigh Comhairle Chontae Longfoirt go foirmiúil seilbh a ghlacadh ar 7 ngrúp scéimeanna uisce ag an gcruinniú seo ar an 20 Bealtaine 2009.

Chuir an Chomhairle moltaí chuig an Roinn Chomhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le haghaidh maoinithe bloc dheontas i 2010 €1,221m san iomlán faoin gClár Uisce Tuaithe maidir le hoibreacha nua agus atá ar siúl cheana féin, le haghaidh grúp scéimeanna uisce/séarachais, chomh math le huasghrádú grúp scéimeanna uisce agus moltaí faoi sheilbh a ghlacadh ar ghrúp scéimeanna uisce.

### SCÉIMEANNA BEAGA UISCE AGUS SÉARACHAIS PHOIBLÍ

I Márta 2009 tugadh comhairle do Chomhairle Chontae Longfoirt go raibh an Dáileadh Bloc Dheontas faoin gClár Uisce Tuaithe Scéimeanna Beaga cothrom le €675,000.

Déanadh oibreacha substaintiúil i 2009 faoin mbeart seo, san áireamh dul chun cinn Ionad Cóireála Uisce Legan agus Caonach. Críochnaíodh oibreacha uasghrádú riachtanacha ar Ionaid Cóireála Uisce Sméar agus Mainistir Shruthla agus tá obair ar an Ionad Cóireála Uisce i mBéal Átha na Muc ag déanamh dul chun cinn. I measc na tograí móra eile tá Athshlánú na bPríomhphíobán ag Dúthroc agus Príomhphíobáin Réigiúnach chun cinn ag cabhrú le seirbhísiú Droim Lis.

Chuir an Chomhairle moltaí isteach chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil le haghaidh Maoinithe Bloc Dheontas do 2010 €4.25m san iomlán maidir le Scéimeanna Beaga Uisce agus Séarachais Phoiblí. San áireamh san iarratas seo bhí maoiniú le haghaidh oibreacha séarachais leanúnacha ag Legan, Caonach agus Béal Átha na Muc agus oibreacha móra uasghrádú ag Ionad Cóireála Uisce Sméar.

### G LIÚNTAS SCÉIMEANNA UISCE AGUS DEONTAIS THOBAR AONÁNACH

Phróiseáil Comhairle Chontae Longfoirt naoi iarratas ar fhóirdheontas i leith costais oibriúcháin de grúp scéimeanna uisce; €24,238.50 an méid iomlán íoctha.

Fuarthas 10 iarratas do dheontais ar sholáthair uisce aonair. Tugadh cead do ocht iarratas, tá ceann amháin fós le ceadú agus iarratas amháin a bhí diúltaithe. Déanadh íocaíochtaí ar iarratais de ar an iomlán €11,124.63 le sé duine aonair.

I rith an tsamhraidh 2008 socraíodh an Fhoireann Infhála Cuntais Tráchtála tríd cónasctha na foirne, Rátaí Tráchtála agus Bailiúcháin Ioncam Billí Uisce. Tá an fhoireann freagrach as bailiúchán Costais Tráchtála Uisce, Rátaí Tráchtála agus proseáil Oscalt Bóithre/Ceadúnais Ceangail Uisce Séaraigh.

# SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE, BÓITHRE & IOMPAR

**Príomh Chuspóir:** “A chinntiú go gcabhraíonn agus go bhfeabhsaíonn na mbeartais um infreastruchtúr iompair agus infheistíochta forbairt eacnamaíoch agus sóisialta de Chontae Longfoirt, agus go gcaomhnaíonn agus go bhfeabhsaíonn tarraingteacht fisiciúil an Chontae agus an cheantar ina thimpeall.”

Tá Longfoirt suite go straitéiseach gar do lár na hÉireann agus trasnaíonn na Príomh bhealaí Náisiúnta N4 agus N5 agus na Bealaí Náisiúnta den Dara Ghrád N55 agus N63 tríd. Tá sruth tráchta súntasacht trí an gcontae dá bharr sin.

Tá an riachtanas bunúsach a ghabhann le líonra bóithre, go bhfreastalaíonn siad ar líon na bhfeithiclí ratha ar na bóithre ar an líon forthielighte agus ar riachtanais sábháilteachta mar chuid lárnach d’fhorbairt cheart Chontae Longfoirt. Le gníomhaíocht gheilleagrach a láidriú teastaíonn cabhair ó líonra bóithre ar ard-chaighdeán. Aithnítear go gcaithfidh go bhfuil ár mbóithre réigiúnacha agus tuaithe ar dhea chaighdeán, tarraingteach, agus sábháilte do chuairoteoirí agus do mhuintir na háite ar aon, má tá Longfoirt le brabús a bhaint as an bhforás eacnamaíoch san earnáil tionsclaíochta, talmhaíochta agus turasóireachta.

Seachas roinnt bóithre teoranta atá faoi chúram Údarás Chomhairle Bhaile Longfoirt, tá Comhairle Chontae Longfoirt freagrach as soláthar, feabhsú agus cothabháil líonra na mbóithre poiblí laistigh den Chontae. Seo iad a leanas, míondéalú na n-uimhreacha faoi údarás Chomhairle Chontae Longfoirt:

| Rangú               | Príomh-bhóthar Náisiúnta | Bóthar Náisiúnta den dara grád | Réigiúnach | Áitiúil     | Iomlán      |
|---------------------|--------------------------|--------------------------------|------------|-------------|-------------|
| Thuaidh (km)        | -                        | 13                             | 53         | 654         | 720         |
| Lár (km)            | 33                       | 18                             | 20         | 224         | 295         |
| Theas (km)          | 15                       | 25                             | 78         | 452         | 570         |
| <b>Iomlán na km</b> | <b>48</b>                | <b>56</b>                      | <b>151</b> | <b>1331</b> | <b>1585</b> |

**Seo a leanas an t-airgeadas ar fáil don Chomhairle i 2009:**

**1. Príomhbhóithre Náisiúnta (Deontais ón Údarás um Bhóithre Náisiúnta):**

|                                        |                    |
|----------------------------------------|--------------------|
| Ollphleanáil Thábhachtach agus Dearadh | € 750,000          |
| Oibreacha Feabhsúcháin Eile            | € 650,000          |
| Bearta Sábháilteachta                  | € 145,000          |
| Cothabháil                             | € 633,328          |
| <b>Iomlán:</b>                         | <b>€ 2,178,328</b> |

## 2 Bóithre Neamh-Náisiúnta (Deontas ón Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil):

|                                                    |             |
|----------------------------------------------------|-------------|
| Specific Improvement Works                         | € 913,000   |
| Sainoibreacha Feabhsúcháin                         | € 913,000   |
| Oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe                | € 2,659,000 |
| Oibreacha Cothabhála Athchóirithe                  | € 1,400,000 |
| Oibreacha Feabhsúcháin Lánroghnach                 | € 206,000   |
| Oibreacha Cothabhála Lánroghnach                   | € 487,000   |
| Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta Ísealcostais | € 166,000   |
| Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla                    | € 458,000   |
| Comtharaíocht Bhóthair Réigiúnach                  | € 31,000    |
| Soláthar Cosáin                                    | € 44,000    |
| Clár Oiliúna                                       | € 29,799    |
| Iomlán:                                            | € 6,393,799 |

## 3. Bóithre Neamh-Náisiúnta

### (Ranníocaíocht na Comhairle)

€ 1,000,000

## BUISÉAD IOMLÁN:

€ 9,572,127

Mar aon leis sin, roghnaíodh Scéimeanna do Mhaoiniú Forbartha Pleanála de luach €601,400 do 2009 le hoibreacha ar chosáin, ar shoilsiú phoiblí agus togra bainistiú tráchta ar fud an chontae.

Bhí dul chun cinn ar Dhearadh Thionscadail Bonnegair na mBóithre Náisiúnta le tacaíocht ón Oifig Réigiúnach um Dhearadh an Údaráis um Bhóithre Náisiúnta mar seo a leanas:

- Críochnaíodh conradh Seandálaíocht Taifigh agus oibreacha Iniúchtaí Talún Breise don N5 Scéim Seacróid Bhaile Longfoirt
- Aithníodh roghanna pasáiste don Scéim N4 Muileann gCearr go Longfort (Rúscaigh) agus glaoth an tríú comhairliúchán poiblí.

Cuireadh gach uile Obair Fheabhsúcháin agus Chothabhála eile i bhfeidhm trí dha Oifig Innealtóireachta an Cheantair agus trí Oifig um Dhearadh Bóthair na Comhairle.

## SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁN ÁITIÚIL

Críochnaíodh 16 scéim ar an iolmán.

## CUR CHUN CINN SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE AGUS SEIRBHÍS MAORACHTA SCOILE

Tá raon feidhme leathan i gceist le ról Shábháilteacht ar Bhóithre ag Údaráis Áitiúla ó Thógáil Bóithre go Cothú Sábháilteachta go Scéimeanna Maor Scoile. Tá ról níos leithne acu anois maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chothú trí níos mó tionscnamh ar leibhéil áitiúla a fhorbairt ar nós:-

- Grúpa oibre a bhunú chun gníomhaíochtaí na gníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí lena a mbaineann siad a chomhordú m.sh. Na Gardaí nó FSS
- Plean um Shábháilteacht ar Bhóithre a uasdhátú
- Chomhairle Sábháilteacht Náisiúnta a Chomhordú – fógraíochta, spreagthaí agus feachtais chumarsáide
- Lá BEEP a thabhairt isteach in Áiseanna Cúram Leanaí Longfoirt ar fad
- Chur chun cinn agus seoladh Seó Bóthair “Check It Fits” i Longfort
- Scéim Píolótach do Bhradán agus Cairde do Leanaí Réamh-Scoile i gComhairle leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Coiste Cúram Leanaí Longfoirt.
- Cur chun cinn Sábháilteacht ar Bhóithre i Meán Scoileanna tríd an “Clár Tiomána Fad Saol”
- Seoladh an Tosaíocht Sábháilteacht ar Bhóithre dírithe go speisialta ar rothaithe agus daoine ag siúl i gcóir le Roinn na nGardaí Ros Comáin/Longfoirt, Comhairle Chontae Longfoirt agus FSS
- Cur chun cinn agus seoladh an Curaclam ‘Bí Sábháilte’ i gcóir leis an Údarás Um Shábháilteacht ar Bhóithre do Bhunscoileanna.
- Tá An tSeirbhís Maorachta Scoile Sóisearach ann chun áiseanna trasnú go slán a sholáthar do leanaí i gceantar bhunscoileanna lonnaithe i mbailte agus sráidbhailte tuaithe.

Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as tabhairt i láthair agus fheidhmiú a dhéanamh ar an tseirbhís i gcomhpháirt leis na Gardaí, Boird Bainistíochta Scoile, Múinteoirí, Tuismitheoirí agus Páistí. Cuireann an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre cúnamh ar fail maidir le heagar tosaigh na scéimeanna. Tá scéim amháin i bhfeidhm ag Comhairle Chontae Longfoirt faoi láthair i mBunscoil Scoile Mhuire, Newtownforbes. Cuireadh Maoracht Scoile Aosach ar fáil i Bunscoil Naomh Sheosaimh, Bunscoil Naomh Eimear, Longfort agus Bunscoil Bhéal Átha Liag.

Clúdaíonn an rannóg seo réimse leathan feidhmeanna agus seirbhísí. Seo a leanas na príomh limistéir:

- 1 Rialú Truailliú agus Bainistíocht ar Cháilíocht Uisce
- 2 Bainistíocht ar Bhruscar agus Glantachán Sráide
- 3 Bainistíocht Dramhaíola
- 4 Reiligi
- 5 Seirbhísí Tréidliachta agus Sábháilteacht Bhia
- 6 Smacht ar Mhadraí
- 7 Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála
- 8 Cosaint Shibhialta

## RIALÚ TRUAILLIÚ AGUS BAINISTÍOCHTA AR CHÁILÍOCHT UISCE

Clúdaíonn reachtaíocht maidir le rialú truailliú, réimsí ar nós aerthruailliú agus truailliú uisce, agus truailliú de dheasca torainn. I measc na n-imeachtaí sonracha a gabhálach mar chúram maidir le rialú truailliú ná iniúchtaí ar theagmhais thruailliú uisce, bhí sceitheadh uisce a cheadúnú agus clár faireacháin d'aibhneacha, lochanna agus líonadh talún dúnta a chur i bhfeidhm.

## CÓRAIS BHAINISTIÚ ABHANTRAÍ

Tugadh an Chreat-treoir Uisce isteach i mí na Nollag 200 mar fhreagra ar mheath i gcáilíocht uisce ar fud na hEorpa agus is é an Phríomh Threoir Eorpach faoin a ndéanfar bainistiú ar uisce na hÉireann don todhchaí. Ceapadh an CTU i ndlíthe na hÉireann ag an AE (Bearta Uisce) Rialacháin 2003 faoin a chuirtear na Dúichí Abhantraí (DA) ar bun. Tá Longfort mar chuid de DA an Iarthuaisceart agus Dúiche Abhantraí Idirnáisiúnta na Sionainne.

Sé cuspóir iomlán ná stádas maith ar a laghad a fháil sna huiscí ar fad faoi 2015. Tá cláir monatóireachta forbartha chun stádas an uisce a aithint agus chun feabhsúcháin sa todhchaí a thomhas. Tá sceideal do tháirgeacht Plean Bainistíochta don tSionainn agus DA an Iarthuaisceart, Bealtaine 2010.

## AN TSAOTHARLANN CHOMHSHAOIL

The principal areas of activity are: Tá Saotharlann Comhshaoil Chomhairle Chontae Longfoirt suite ar Bhóthar na Páirce, Longfort. Tacaíonn sé le Sheirbhísí Uisce agus na Rannóga Comhshaoil. Seo a leanas na príomh ghníomhaíochtaí:

- 1 Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar thruailliú uisce
- 2 Na hIonaid Cóiréala Uisce an Chomhairle Chontae
- 3 Monatóireacht ar líonadh talún
- 4 Dhoirteadh eisiltigh tionsclaíoch
- 5 Monatóireacht a dhéanamh ar aibhneacha agus lochanna

## BAINISTÍOCHT AR BHRUSCAR

Forfheidhmiú an Acht um Thruailliú ó Bhruscar, 1997 – 2009 is ea ceann de na heochair-mheicníochtaí chun dul i ngleic le fadhb an bhruscair i gContae Longfoirt. Cuirtear srian leis an mbruscar go príomha ag Maoir Bhruscar na Comhairle le cabhair ó Mhaoir Bhruscar/Tráchtá Chomhairle Bhaile Longfoirt.

I 2009 d'éirigh leis an gComhairle in os cionn 90% de na cásanna a éisteadh sa chúirt maidir le coireanna faoi na hAchtanna um Thruailliú ó Bhruscar.

## DEONTAIS FHEASACHTA IN AGHAIDH AN BHRUSCAIR

D'achtaigh Comhairle Chontae Longfoirt Togra in Aghaidh an Bhruscair i 2009 maoinithe ag RCORA de €20,000. Déanadh maoiniú a dháileadh ar thograí éagsúla, san áireamh, Coiste na mBailte Slachtmhara Longfoirt (IBAL); An Scéim Dhíghraifití; Comórtas Scoile Áthchúrsála Dramhaíola; Glantachán na Siocracha Móra Bruscair; Ceannach Bailitheoirí Bruscair, malaí, lámhainní, agus ábhair eile chun cabhrú le glantacháin i gContae Longfoirt.

## CLÁR ÁITIÚIL 21 CISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA COMHSHAOIL

Leithdháileadh deontas de €6,344 ar Chomhairle Chontae Longfoirt ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun tacú le tograí comhshaoil nuálaíocha pobal bunaithe. In a theannta sin bhí ar Chomhairle Chontae Longfoirt maoiniú meaitseála a chur ar fáil agus dáileadh ar an iomlán €12,688 ar na heagraíochtaí seo a leanas:-

Coistí na mBailte Slachtmhara, Kelvin Moore, Mc Eoin Park Cumann na gCónaithe, Malartú Leabhar Scoile, Jumbletown, IBOTZ, Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann, Andy Booth, Bunscoil Mhainistir Leithrátha, Forbairt Pobail Mainistir Shruithla agus Scoil Samhraidh Loch Rí.

## SCUABADH SRÁIDEANNA

I 2009 bhí clár rialta do Scuabadh Sráideanna ag an gComhairle do bhailte agus do sráidbailte Chontae Longfoirt. Baineadh úsáid as trealamh meicnithe chomh maith le lámh-scuabadh sráideanna agus freastal ar bhruscar de réir Plean Bainistíochta Chontae Longfoirt um Bhruscar. Le linn 2009 caitheadh €337,007 ar scuabadh sráideanna.

## BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

### PLEAN UM BHAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA 2005 - 2010

An Plean um Bhainistíocht Dramhaíola do Réigiúin an Iarthair 2005–2010, arna glacadh, creatlach i gcomhair bainistíocht inbhuanaithe ar dhramhaíl laistigh de na cúig cheantar údarás áitiúil (Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Contae Lú, Comhairle Chontae Longfoirt, Comhairle Contae na hIarmhí agus Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh) agus cuimsíonn sé gach uile dhramhaíl neamh ghuaiseach a eascraíonn as an réigiún. Mar aon leis sin, caithfidh na hÚdaráis Áitiúla an Plean Bainistíochta Náisiúnta Dhramhaíola Guaiseach a thógáil san áireamh agus iad ag cur i bhfeidhm agus ag déanamh athbhreithnithe i Pleananna Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnach agus Áitiúil.

### SOLÁTHAR SAORÁIDÍ

Tá 25 Ionad Tabhair Leat i gContae Longfoirt. Glactar le gloine uaine, dhoinn agus thrédhearcach chomh maith le cannaí alúmanaim ag na suíomh go léir.

Bailíodh os cionn 458 thonna gloine agus 20 thonna channaí alúmanaim 2009 ag na bainc tabhair leat.

### FORGHNÍOMHIÚ

Tá Foireann ghníomhach um Fhorghníomhiú Dramhaíola ag Comhairle Contae Longfoirt a chomhcheanglaíonn disciplíní teicniúla agus riaracháin. Déileálann an Fhoireann um Fhorghníomhiú le réimsí ar nós Ceadúnais d'Ionaid Dramhaíola, Bailiúchán na gCeadúnais, Rialacháin maidir le Pacáistiú, Plaistigh Feirme agus Gníomhaíochtaí Dramhaíola Neamhúdraithe. Le linn 2009, lean an Fhoireann um

Fhorghníomhú ag díriú ar theagmhais diúscartha dónna agus dramhaíola mídhleathacha ar mhórsála. Bhí seasca hocht gearán réitithe tar éis Litreacha Rabhaidh a eisiúint. Tion-scaíodh 21 Nós Imeacht um Fhorghníomhiú i 2009 agus réitíodh 13 chás i ndiaidh do lucht a fhaighte déanamh mar a bhí molta dóibh. Tabharfar 8 gcás ar aghaidh i 2010 le haghaidh tuilleadh gníomhaíochtaí fhorghníomhaithe. Bhí finéaláil de €2,000 mar thoradh ar ionchúisimh a rinneadh i 2009 agus forchuireadh costais níos mó ná €1,300 ar dhaoine daortha maidir le diúscairt dramhaíola neamh údaráithe. Is féidir Beartas Chomhairle Chontae Longfoirt maidir le Bainistíocht ar Dhramhaíl a fheiceáil ar shuíomh idirlín na Comhairle ag [www.longfordcoco.ie](http://www.longfordcoco.ie)

Fuair an Fhoireann Fhorghníomhiú Dramhaíola dualgais nua faoi Rialacháin nua agus fodhlithe. *Bainistíocht Dramhaíola (Cosc ar Dhiúscairt Dramhaíola ag Dó) Rialacháin 2009* a tháinig i bhfeidhm in Iúil 2009, agus is coir anois fáil réidh le bruscar teallaigh, le dó faoi chúirtealáiste foirgnimh nó dó ar chúl an tí a dhéanamh, agus soiléiríonn sé an chás maidir le dó fásra ar fheirmeacha.

Ceapadh *Fodhlithe 2009 de Chomhairle Chontae Longfoirt um Bainistiú Dramhaíola (Stóráil, Cur i láthair, Scagadh agus Bailiú Bruscair Tí)* go luath i 2009 mar chabhair leis na spriocanna náisiúnta a shásamh le dramhaíl bitheolaíoch a chur ón ionad líonadh talún.

Tá na *Rialacháin um Bhainistiú Dramhaíola (Dramhaíl Bhia) 2009*, i bhfeidhm ó Nollaig 2009 agus tugann sé dualgais breise do Fhoireann Fhorghníomhiú Dramhaíola maidir le scagadh agus fáil réidh le bia tráchtála.

Feidhmíonn an Chomhairle "Beo líne do Ghearáin Dramhaíola". Iarrtar ar dhuine atá mar fhinné ar dhumpáil mídhleathach nó atá faeasach ar dhramhaíl a dumpáiláíodh é seo a thuairisciú don Chomhaire trí ghlaoch **1850 434 450**

## FEASACHT COMHSHAOIL

I rith na bliana lean obair mhaith leanúnach ar na nithe seo a leanas amach:

- 1 Glantachán Náisiúnta an Earraigh
- 2 Seachtain Náisiúnta na gCrann
- 3 Bailiúcháin Earraí Móra
- 4 Scoileanna Glasa
- 5 Bailiúchán Dhramhaíl Guaiseach
- 6 Iniúchtaí ar Dhramhaíl Feirme

## GLANTACHÁN NÁISIÚNTA AN EARRAIGH

D'éirigh go hiontach le Glantachán Náisiúnta an Earraigh 2009 le 52 ghrúpa agus eagraíocht páirteach san ceantair bailte agus tuaithe. Bailíodh go neasach 800kg dramhaíl chomh maith le 200kg de mhíotal agus 40kg buidéal plaisteach. Cuireadh bailitheoirí bruscair, lámhainní, prioslóirí agus málaí dath-chodaithe ar fáil don ghlantachán pobail.

## BAILIÚCHÁIN EARRAÍ MÓRA

Eagraíodh trí Bhailiúcháin Áiseanna Saoránaigh i rith míonna an Fhómhair de 2009 agus bailíodh ar an iomlán 10.20 tonna de dhramhaíl. Tharla seo i nGránard, Baile Longfoirt agus Baile Uí Mhatháin.

## SCOILEANNA GLASA

Bhí an-rath ar Longfoirt arís maidir le gníomhaíocht na Scoileanna Glasa a mhéadú. Mhéadaigh páirtíocht na scoileanna sa chlár Scoileanna Glasa nuair a chláraigh 98% de bhunscoileanna agus 100% de mheán scoileanna roimh dheireadh 2009. Le linn 2009 bronnadh bratach glasa ar chúig scoil nua agus rinne cúig scoil eile athnuachan ar a mbratach. Is é 22 líon na scoileanna a bhfuil Bratach Glas bronnta orthu i gContae Longfoirt.

Seo a leanas na scoileanna ar a bronnadh bratach glas don chéad uair i rith 2009:

- **Bunscoil Chnoic an Choill**
- **Bunscoil Cill na Lao**
- **Bunscoil Bhaile na Lao**
- **Bunscoil na mBuachaillí Naomh Mhichíl**
- **Bunscoil Páirc an Chloiche**

## BAILIÚCHÁN DRAMHAÍOLA GUASEACH

Eagraíodh Bailiúchán Dramhaíola Guaiseach ar an lá chéanna le bailiúchán earraí móra in Slashers Longfoirt. Bailíodh ar an iomlán 613kg de dhramhaíl guaiseach i mBaile Longfoirt. Is féidir athchúrsáil a dhéanamh anois ar cheallraí saor in aisce agus tá boscaí speisialta curtha i ngach siopa dhíolann ceallraí.

## CISTE ÚDARAS ITIÚIL DO CHSC AR LÉIRSITHE – CLÁR INIÚCHTA UM DHRAMHAÍL FEIRME

I 2009 chríochnaigh Comhairle Chontae Longfoirt, leis an gClár Iniúchtaí um Dhramhaíl Feirme le ceathrar fheirmeoir i gContae Longfoirt. Bhí an Clár chomh-tionscanta leis An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus tá sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí imeachtaí cosc ar dhramhaíl a fhorbairt ar a bhfeirm. Seoladh lámhleabhar d'fheirmeoirí Chontae Longfoirt agus seoladh é níos luaithe sa bhliain.

## BAILIÚ PLAISTEACH FEIRME

Lean bailitheoirí dramhaíola phríobháideacha lena mbailiúcháin plaisticí feirme dramhaíola le linn 2009. Cuireadh na dátaí agus na suíomh bailiúcháin in iúl don Chomhairle Chontae agus rinneadh monatóireacht ag an bhfoireann ar na bailiúcháin lena n-áirítear nár fágadh aon dhramhaíl ar an láthair.

## REILIGÍ

Tá 74 reilig i gContae Longfoirt ar an iomlán, agus tá 10 gcinn dúnta. Déantar obair chothabhála ar na reiligí ag fhoireann an Chomhairle Chontae agus foireann an Scéim Sóisialta Tuaithe. Chomh maith leis sin, tugadh cabhair dheontais do 20 coistí áitiúla bainteach le cothabháil reiligí.

De bharr maoinithe on Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, mar chuid den Scéim Náisiúnta Míchumais, bhí sé d'acmhainn ag an gComhairle saoráidí oiriúnacha do chathaoir rotha ag reiligí ceaptha. Déanadh oibreacha ag an slí isteach agus cosáin ag Reiligí Ardach, Coolamber.

Cuireadh tús le hoibreacha tógála breise ar Reilig Aughafin, Maitheas Troim.

## SEIRBHÍSÍ TRÉIDLIACHTA AGUS SÁBHÁILTEACHT BHIA

Freastalaíonn an Roinn tréidliachta Chomhairle Chontae Longfoirt ar chonradh idir an Chomhairle agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhia na hÉireann maidir le sábháilteacht bhia agus ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht phoiblí.

Déantar stiúrthóireacht reachtúil ar na seamlais bheaga agus na bunaíochtaí um déantúsaíocht feola tarchuir íseal sa chontae d'fhonn áirithiú go bhfuil lán-chomhlíonadh i bhfeidhm maidir le reachtaíocht um shábháilteacht bhia.

Próiseáladh na heallaí agus na caoirigh a tógadh sa cheantar i seamlais bheaga i gContae Longfoirt i 2009. Rinneadh imscrúdú ar gach uile ainmhí roimh agus i ndiaidh gach marú. Rinne clár samplála le linn na bliana a raibh sé mar sprioc aige substaintí díobhálacha a aimsiú sa bhfeoil. Cuardaíonn Seirbhísí Tréidliachta an Údaráis Áitiúil áirithiú go gcoinnítear sláinte agus leas an ainmhí de réir forálacha reachtaíochta reatha

Le linn 2009 d'oibrigh na bunaíochtaí um mhonarcaoíocht feola tarchuir íseal agus na seamlais i gContae Longfoirt, de réir na gcaighdeán aontaithe ag an AE. Bhí táirgí feola an chontae ar ard-chaighdeán agus sábháilte. Rialaíonn an tSeirbhís Tréidliachta an Údaráis Áitiúil agus ag an am chéanna, tugann sí solúbthacht cuí do seamlais le tarchuir íseal. Cé go bhfuil athruithe ag dul ar siúl go leanúnach in sna hionaid, cothaítear an leibhéal gníomhaíochta de bharr go bhfuil iontrálaithe eile ag eirí bainteach leis an earnáil

Slánaíodh i 2009 marú Muic i seamlais faoi chúram an Údaráis Áitiúil sa Chontae. Chabhraigh sé seo leis an earnáil sa chontae an méid próiseála i gContae Longfoirt a mhéadú de réir ár bPlean Corparáideach chun fiontraíocht agus forbairt sa ghníomhaíocht thábhachtach eacnamaíoch seo sa chontae a chur chun cinn. Chinntigh Longfort freisin go mbeadh seamlais áitiúla san áireamh le brandáil faoi thacaíocht LEADER agus clár píolótach margaíochta le haghaidh uaineoil agus mairteoil san Iarthuaisceart.

Lean an Fhorbairt Phroifisiúnta agus oiliúna i sábháilteacht bhia agus sláinte agus leas ainmhithe ar aghaidh i 2009. I mí Dheireadh Fómhair chuir an t-Oifigeach Tréidliachta an Chontae oiliúint náisiúnta i Sláinte Tréidliachta Poiblí - *Listeria Monocytogenes* – Gnéithe Praiticiúla i nGnó an Bhia.

Tá Clár na mBólachtaí a dtáirgeann bainne leachtach ag Comhairle Chontae Longfoirt. Scrúdaíodh na feirmeacha ar an gclár in 2009, mar is iomchuí. Bhí fiontraíocht nua a tháirgeann bainne gabhair san áireamh anseo.

Lean gníomhaíochtaí bainteach le fáil réidh le Eas-Táirgí Ainmhithe mar réimse thábhachtach oibre i 2009

Thug cruinnithe den Choiste Réigiúnach um Zónóis fóram le haghaidh idirchaidreamh idir Sheirbhísí Sláinte Poiblí Tréidliachta Chomhairle Chontae Longfoirt agus eagraíochtaí eile m.sh. An Roinn Talmhaíochta agus FSS.

### RIALÚ MADRAÍ

Soláthraíonn Comhairle Chontae Longfoirt seirbhís lán-aimseartha i gContae Longfoirt. Fostaíonn an Chomhairle Maor Madraí agus feidhmíonn sí Fothain Madraí ag Sráid an Uisce Íochtarach i mBaile Longfoirt. Gearrtar táille póna de réir na dtréimhsí a chaitheann ainmhí sa bhfothain Madraí. Dhéileáil na seirbhísí le 345 chás de mhadraí ar sheachráin/gan úinéara i 2009. Dóibh seo bhí, 84 a fuair baile nua, 53 a bhí tógtha arís ag an húinéirí agus 205 a cuireadh as a bpian.

I go leor cásanna go bhfaigheann na madraí baile nua, roghnaigh a n-úinéirí iad le tacaíocht ó Shuíomh Gréasán na Comhairle “Sábháil Madra” agus is féidir rochtain ar an Leathanach ag [www.longfordcoco.ie](http://www.longfordcoco.ie)

Chun dul i ngleic le fadhb na madraí gan iarraidh, tacaíonn Comhairle Chontae Longfoirt le húinéireacht cheart ainmhithe agus feidhmíonn sí scéim cabhair airgid i gcomhpháirt leis an SPCA Longfoirt le haghaidh neodar do mhadraí.

I 2009 eisíodh 1783 Cheadúnas Madraí. Lean Comhairle Chontae Longfoirt ag tacú leis an riachtanas go gceannaíonn úinéirí madraí Ceadúnas Madraí. Tá táille €12.70 ar Cheadúnas Madraí. Is féidir Ceadúnas Madraí a cheannach in aon Oifig an Phoist. Léiríonn ceannach Cheadúnas Madraí freagracht thábhachtach na n-úinéirí.

## TOGRAÍ UM MHAOINIÚ MAIDIR LE TAOBHAIGH TÁILLÍ FORBARTHA

Faoi stiúthóireacht na Foirne Comhshaoil, ghabh an Chomhairle na toagraí seo a leanas mar chúram uirthi i 2009:-

|                                      |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        |
|--------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <b>Toghcheantar Longfoirt</b>        | Tírdhrechtú i mBaile Longfoirt; Oibreacha Fheabhsúcháin ag Cullyfad; Oibreacha feabhsúcháin ar shiúlóid agus cosáin rothaíochta na Canála; Aughareagh-Clonterm siúlóid phortaigh; Clós Súgartha Cluain Dá Ráth; Feabhsúcháin ar Chlós Súgartha Longfoirt                                                                                               |
| <b>Toghcheantar Gránard</b>          | Sean Gráinéireacht Baile na Lao; Feabhsúcháin ar Áiseanna Dring; Plásóg an Mhargaidh Mhaitheas Troim.                                                                                                                                                                                                                                                  |
| <b>Toghcheantar Baile Uí Mhachan</b> | Páirceáil Ghluaisteáin ag Reilig an Chaisil; Slí Sleamhain ag Blenavoher; Oibreacha Feabhsúcháin agus áis súgartha ag sráidbhaile Liagán; Oibreacha Feabhsúcháin Páirc Taobh na hAbhann Baile Uí Mhatháin agus Siúlóid Caisleán Nua; Forbairt Cóireála Béal Átha Liag; Draenáil ag Baile Nua Chaisil; Feabhsúcháin ar Shráidbhaile Mainistir Shruthla. |
| <b>Toghcheantar Droim Lís</b>        | Sean Reilig Tobar Phádraig; Páirc Taitneamhacht Loch Annach; Cosáin ó Shráidbhaile Béal Átha na Muc go suíomh an chatha; Clós Súgartha Sráidbhaile Droim Lís.                                                                                                                                                                                          |



# TITHÍOCHT, PLEANÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA



Cllr. Victor Kiernan,  
Cathaoirleach de CBS  
Tithíochta & Pleanála



An tUas. Jack  
Kilgallen  
Stiúrthóir Seirbhísí

## TITHÍOCHT

### MEASÚNÚ RIACHTANAIS TITHÍOCHTA

Comhlíonann riachtanais tithíochta Chontae Longfoirt go leanúnach trí réimse roghanna tithíochta. Déanadh an Measúnú Reachtaíochta Deireanach ar riachtanas tithíochta i 2008. Is gá anois ó chuireadh na hathraithe san reachtaíocht Leasa Shóisialaigh i bhfeidhm Iúil 2009 go mbeadh measúnú ar riachtanais tithíochta iomlán (agallamh san áireamh) déanta ar dhaoine a chuireann isteach ar thacaíocht Liúntas Cíos déanta ag an Údarás Áitiúil. Faoi láthair tá go neasach 1000 iarratas tithíochta ag Comhairle Chontae Longfoirt. Níl aon riachtanas ag go leor de na daoine seo do thithíocht ón Údarás Áitiúil agus tá a riachtanas loistín á shásamh faoi láthair trí loistín ar cíos go príobháideach le liúntas cíos agus roghanna eile tithíochta. Soláthraíonn an tAcht Tithíochta (Soláthar Ilghnéitheacha) 2009, go ndéarfad measúnaithe ar riachtanais le haghaidh tithíocht shóisialta ar bhonn bliantúil.

### TITHÍOCHT SHÓISIALTA

Caitheadh €7.3m go neasach ar an gClár um Thógáil Tithe i 2009. Bhain sé seo le tithíocht lán déanta, ceannach tithe aonair, tógáil teachín tuaithe aonair agus oibreacha éagsúla eile de réir Scéim na bhfeabhas in ionad Tithíocht Údarás Áitiúil.

### BHÍ NA SCÉIMEANNA SEO A LEANAS AR SIÚL AG DEIREADH 2009

Béal Átha na Muc (16), Caonach (12), Ceathrú an tSéipéil Granárd (6), Beechwood (7), Teachíní Faoin Tuatha (2)

### CRÍOCHNAÍODH AN SCÉIMEANNA SEO A LEANAS I 2009

Páirc an Bhaile, Longfort (50), Streamstown, Cnoc an Góla (20), St. Johnstown, Béal Átha an Lao (20), River Crescent, Béal Átha an Lao (5). 4 Teach aonair a cheannaíodh agus 1 teach tuaithe a chríochnaíodh. Ón 1d Eanáir 2009 bhí 259 tionónta dailte.

### IASACHTAÍ THITHÍOCHTA

Lean ceadú agus leithdháileadh iasachtaí tithíochta mar a tharla blianta eile. Déantar measúnú, ceadú agus díúltú ar gach iasacht tithíochta ó Aibreán 2009 ag an bPáirtíocht Tithíocht Inacmhainne i mBaile Átha Cliath. Caithfidh na ceadúnais ar fad dul tríd dianscrúdú creidmheasa a déantar ag Oifig Creidmheasa na hÉireann. Fuarthas 14 iarratas bailí i 2009 agus ceadáíodh 10 n-iasacht agus 6 imithe chun cinn. Níl chlúdaíonn an uimhir seo na ceadúnais a díúltaíodh nó a tarraingíodh siar.

### TITHÍOCHT INACMHAINNE

Go dáta, tá deis tugtha ag Comhairle Chontae Longfoirt do 100 teaghlach a dtithe féin a cheannach trí Scéim na dTithe Inacmhainne. I gcás Aontaithe Páirt V, tá mhormhór na dtithe díolta trí dhíol díreach idir an forbróir agus an ceannaitheoir, le liosta de cheannaitheoirí i dteideal curtha ar fáil ag Comhairle Chontae Longfoirt. Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíoch agus ón uair nach bhfuil go leor de na heastáit nua críochnaithe go hiomlán, tá líon na dTithe Inacmhainne ar fáil teoranta. Cuireann dífhostaíocht agus athraithe i gcúinsí airgeadais dhaoine, isteach ar chumas na hiarrthóirí morgáiste a fháil agus mar sin teach a cheannach faoin Scéim Tithíocht Inacmhainne.

## TITHÍOCHT DHEONACH

Tá páirtíocht le fada ag an gComhairle Chontae Longfoirt leis an Earnáil do Thithíocht Dheonach agus tá cuir isteach nach beag ag an Earnáil do Thithíocht Dheonach do sholáthair Thithíocht Inacmhainne i gContae Longfoirt faoin Scéim Iasacht Caipiteal agus Ranníocíocht agus an Scéim Measúnaithe Caipiteal. I 2009 lean Respond le tógáil ag Páirc an Bhaile, Longfoirt ina raibh 89 aonad. Ceaptar go mbeidh an scéim seo críochnaithe Márta 2010. In 2009, d'oibrigh Comhairle Chontae Longfoirt chomh maith ag leibhéal áitiúil le hEagraíochtaí Tithíocht Deonach freisin, Naomh Uinseann de Pól agus Naomh Chríostóir.

## FÓRAM NA NDAOINE GAN DÍDEAN

Tháinig Fóram na nDaoine Gan Dídean le chéile go rialta i 2009. Ag leanúint ar aghaidh ó chuspóirí a d'fhoilsíodh i 2008 *An Slí Abhaile: Straitéis chun Dul i nGleic le Aosach Gan Dídean in Éirinn*, d'fhorbair an fhóram Plean Gníomhaíochta na nDaoine Gan Dídean ina bhfuil beartais go bhfuil sé mar aidhm acu deireadh a chuir le fáinne na ndaoine gan dídean i Longfoirt. Tá ullmhúchán pleananna gníomhaíochta curtha ar bhonn reachtaíochta in Acht 2009.

## COTHABHÁIL AGUS ATHCHÓIRIÚ

I 2009 cuireadh €750,000 ar fáil sa bhuiséad le haghaidh cothabháil agus athchóiriú Tithíocht Údaráis Áitiúil. Scrúdaítear an réimse seo go leanúnach le cinntiú go leantar dea-chleachtas agus luach ar airgead an t-am ar fad.

## BAINISTÍOCHT AR EASTÁT TITHÍOCHTA

leanúnach leis na tionóntaí agus cumainn na dtionóntaí i rith 2009. Tá cúrsaí réamh-thíonóntacht éigeantach i bhfeidhm do gach uile thionónta nua. Reáchtáladh an Comórtas don 'Eastát Tithíochta is Fearr' arís i 2009 agus seo a leanas na buaiteoirí, Eastát beag – 1d Duais – River Crescent, Béal Átha na Lao, Eastát Meánach – 1d Duais – Páirc Mhic Giollabhride, Maitheas Troim, Eastát Mór – 1d Duais – Devine Crescent, Maitheas Troim. Sa rannóg Forbairt Pobail bhuaigh Páirc Mhic Giollabhride, Maitheas Troim an 1d Duais agus Bóthar Cartún, Caonach 2rn Duais.



Páirc Mhic Giollabhride, Maitheas Troim

Osclaíodh ionad áiseanna pobail i bPáirc MhicEoin, Longfort. Reachtáltar clinic for-fochtain ann gach Céadaoin ag an Oifigeach Idirchaidrimh Tithíochta agus Gardaí an phobail áitiúil. Ceaptar go mbainfidh eagraíochtaí eile úsáid as an ionad freisin le haghaidh clinicí sa todhchaí. Lean forghníomhiú tionóntacht i rith na bliana le roinnt cásanna os comhair cúirte.

### SCÉIMEANNA UM DHEONTAS TITHÍOCHTA

In 2009, fuarthas 254 iarratas faoi trí scéim deontas: Deontas na n-Áiseanna Soghluaisteachta, Scéim Deontas an Oiriúnaithe Tithe agus Scéim Deontas Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.

Íocaídh 164 deontas ar an iomlán €947,901 – san áireamh san fhigiúir seo bhí 15 Deontas do Dhaoine faoi Mhíchumais le hiomlán €139,576 agus 3 Dheontas Deisiúchán Riachtanach le hiomlán €12,540. Bhí deontas a bhí ceadaithe ó na mblianta roimhe sin, roimh do na trí scéim deontais nua thuasluaite teacht ar an saol.

### CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Ceapadh an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009-2013 ag Comhairle Chontae Longfoirt ar an 25 Feabhra 2009. Leagann sé seo amach straitéis 4 bliana maidir leis an gclár agus an cineáil lóistín a chuirfear ar fáil do thaistealaithe. Tionóltar an Coiste Comhairliúcháin don Lucht Siúil Áitiúil ar bhonn ceathrú bliana agus déanfaidh sé monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le spriocanna a leagadh amach sa phlean. Ceaptar go dtosóidh an obair i mbliana ar Láithreán Stád Pháirc na Sailí.

### SCÉIM UM CHÓIRÍOCHT AR CÍOS (SCC)

Ag deireadh 2009, bhí 245 tionóntacht SCC in áit. Braitheann incháilitheacht na scéime ar iarrthóirí a bheith measúnaithe le riachtanas tithíochta agus chomh maith leis sin a bheith ag fáil forlíonadh cíosa le haghaidh breis agus 18 mhí. Tá an Scéim SCC agus na costais oibriúcháin agus riaracháin bainteach leis féin mhaoinithe, i Longfoirt.

### SOCRAITHE LÉAS FAD TÉARMACH

D'fhógair an tAire Stáit (le fhreagracht speisialta do Thithíocht) an scéim seo i 2009. I measc príomh ghnéithe na scéime tá léas fad téarmacha le haghaidh aonaid tithíochta iolrach a bheith aontaithe (ar a laghad 5 aonaid) le forbróirí/úinéirí agus réadmhaoín cíosa nua príobháideacha thar thréimhse deich nó fiche bliain. Fuair an Chomhairle cead ón Roinn maidir le léasú 5 aonad faoin scéim i gceantar Bhaile Uí Mhatháin.

### OIBRIÚCHÁIN ATHGHINIÚNA/FEABHAIS:

I 2009, tugadh moltaí chun cinn chun Oibreacha Athghiniúna ar Bhóthar Tromra, Granárd. Cuireadh doiciméadúchán ar aghaidh go dtí an Roinn Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil maidir leis an scéim seo. Meastar gurb é €4m costas na scéime. Tugadh Tosaíocht 1 don togra seo.

### CAIGHDEÁN LÓISTÍN AR CÍOS GO PRÍOBHÁIDEACH


Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as cuir i bhfeidhm agus forghníomhiú caighdeán an loistín san earnáil cíosa. Déantar maoiniú ar seo don Údarás Áitiúil bunaithe ar líon na n-iniúchtaí a déantar. Déanadh 275 iniúchadh i 2009 agus cuireadh tiarnaí talún ar an eolas faoi nithe neamh-chomhlíontach. Déanadh iniúchadh ar go leor de na réadmhaoín seo mar chuid den Scéim Lóistín ar Cíos.

Imlínítear thíos na himeachtaí suntasacha a ghabhann roinn phleanála mar chúram uirthi féin chomh maith le forbheathnú ginearálta Pleanála do bhliain 2010.

## PLEANÁIL AGUS FORBAIRT BHAINISTÍOCHTA

Tá an Rannóg um Fhorbairt Bhainistíochta freagrach as gach uile iarratas phleanála a phróiseáil i gcomhréir leis an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt.

**Iarratais Phleanála agus Fógraí Tosaithe  
200-2009**



Léiríonn an chart thuas líon na n-iarratas phleanála agus fógraí tosaithe a fuarthas le 10 mbliana anuas. Tréithe is ea an bhuai i 2004 agus 2007 den scéim um athnuachan tuaithe agus cúnamh- deontais d'fhoirgnimh talmhaíochta faoi sheach.

Cé go raibh líon na n-iarratas níos ísle in 2003 agus 2005, fuair na blianta sin líon níos mó iarratais casta, ag iarraidh uaireanta foirne suntasachta chun tabhairt fúthu ón gcéad chéim bailíochta agus measúnachta go slánú agus comhlíonadh.

Bhí 2008 mar fhinné do athrú suntasach, i líon agus chastacht na n-iarratas phleanála a taisceadh, le go leor iarratas ar mhionathraithe de cheadúnaithe ceadaithe, tithe aon-uaire, forbairtí beaga go ginearálta

Lean líon na n-iarratas ag laghdú trí 2009, ag frithchaitheamh na treochtaí eacnamaíoch agus an moilliú i dtionscal na tógála ag gach leibhéal. Méadaíodh é seo ag ardaithe in éilimh i réimsí eile den chóras phleanála, go sonrach i stiúrthóireacht a ghlacadh agus phleanáil chun cinn an ualach oibre ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach.

Tá sé suimiúil tabhairt faoi deara an treocht i bhfógraí tosaithe san tréimhse céanna a léiríonn patrún níos socair agus is léiriú níos fearr é de conas mar a aistríonn iarratais go físiúil amach ar an talamh.

Tá comhairliúcháin réamh phleanála mar chuid lárnach de na nósanna imeachta maidir le Forbairt Bhainistíochta agus baintear úsáid rialta agus mhéadaithe astu. Tionóltar na cruinnithe seo chun seirbhís phleanála ar ardchaighdeán agus níos thrédhearcaí a sholáthar don phobal i gcoitinne. I 2008 tionóladh 96 de na cruinnithe seo chun comhairliúcháin a éascú le hiarratasóirí ionchasacha maidir le ceisteanna a bhaineann lena moltaí. Méadaigh líon na n-iarratas go dtí 110 i 2009. Taifeadtar gach uile cruinniú réamhphleanála go digiteach ar mhaithe le comhsheasmhacht, thrédhearcacht agus comhtháthú gan uaim a éascú sna phróiseas cinnteoireachta.

Is cuid rialta den obair a déantar san oifig le trí bliana anuas, na hiarratais ar cheadúnais faoi Mhír 254 den Acht, go príomha le haghaidh Comharthaí Bhóthair, ag léiriú méadú nach beag ar ualach oibre na blianta roimhe sin.

### **RANNAÍOCHTAÍ FORBARTHA**

Gearrtar ranníocaíochtaí forbartha i gcomhréir leis an scéim lena ghlac an Chomhairle de réir Mhír 48 an Achta um Phleanáil agus Forbairt 2000. Tá coinníoll a ghabhann le gach leithdháileadh chead pleanála ina bhfuil ar an iarratasóir íocaíocht den ranníocaíocht bainteach a dhéanamh nuair agus má thosaíonn an fhorbairt. Tá go leor cásanna ina cuireadh ceadanna mhalartacha eile in ionad ceadanna ceadaithe ar an suíomh céanna agus nuair nach ngníomhaíoch ceadanna ceadaithe go fóill. Tugann sé seo léiriú míchruinn uaireanta maidir leis an iomlán dlíthe agus dul don Chomhairle..

Seo a leanas príomh chuspóirí Scéim na Ranníocaíochtaí Forbartha:

- Meicníocht a chur ar fáil ionas gur féidir le forbróirí agus eile ionchuir a bheith acu ar chostais soláthar infreastruchtúr agus áiseanna ar leas forbartha in a gceantar
- Solúbthacht meadaithe d'Údaráis Áitiúla maidir leis an réimse tograí gur féidir a mhaoiniú ón fhoinsé seo, trí chead a thabhairt do údaráis soláthar infreastruchtúir phoiblí a mhaoiniú gan aon fhorbairt faoi leith a bheith i gceist
- Tabhair isteach níos mó trédhearcachta sa slí ina tobhaíodh agus curtha i bhfeidhm (ionas gur féidir le forbróirí a aithint roimh ré an slí a bheidh tobhaigh ag feidhmiú orthu)
- Cinntiú gur féidir le húdaráis áitiúla fás a bhainistiú agus a chothabháil trí phríomh infreastruchtúir don eacnamaíocht áitiúil a chur ar fáil

Bhí éifeacht an-dearfach ag Scéim na Ranníocaíochtaí Forbartha ar soláthar infreastruchtúir i gContae Longfoirt ó chuireadh i bhfeidhm é. Tá maoiniú le haghaidh éagsúlacht mór infreastruchtúir, sealbhú talamh, soláthar spásanna oscailte, áiseanna caitheamh aimsire agus pobal, oibreacha taitneamhacht agus tírdhreachú, bóithre, carr chlóis, cosáin, áiseanna uisce agus fuíoll uisce.

Bhí na tograí maoinithe de €2.5m ag na ranníocaíochtaí forbartha i 2009 ar an iomlán, agus bhí fáлтаis don tréimhse cothrom le €384,860. Bhí an iarmhéid neamhghlanta do ranníocaíochtaí forbróirí agus Páirt V ar an 31 Nollaig 2009 ar an iomlán €6.8m.

### **DUL I BHFEIGHIL**

Aithníodh 97 eastáit tithíochta le haghaidh breathnaithe sa Chontae, tá Cead Pleanála acu seo ar fad le níos mó ná cúig bliana ach le níos lú ná 12 bliain. Tá bannaí curtha in áit le haghaidh 84 de na forbairtí seo. Tá iarrtha ag 21 acu ar an gComhairle 'dul i bhfeighil' orthu. Tá dul chun cinn a dhéanamh i láthair na huaire faoi aontú agus trí dhlíthíochta chun aon ní faoi na 13 eastát nach bhfuil bannaí acu faoi láthair a réiteach.

Nuair a aithnítear eastáit tithíochta nach bhfuil críochnaithe, ullmhaítear tuairiscí idir-stiúrthóireachta. Cuirtear an forbróir ar an eolas ansin i scríbhinn faoin na hoibreacha neamh críochnaithe agus neamh-bhaíl le coinníollacha pleanála an eastáit. Cuirtear an tuairisc teicniúil ar aghaidh freisin ag an institiúid airgeadais le iarratas ar shíneadh amach an Bhanna nó an Bhanna a ghlaoch isteach chun ligean do chríochnú an eastáit de réir an chaighdeáin.

Go dáta in aineoinn na cúinsí eacnamaíoch neamhfhabhrach faoi láthair, bhí an próiseas seo maidir leis na Bannaí rathúil go leor. Tógfaidh an phróiseas críochnú na heastáit i bhfad níos faide agus tógfaidh sé roinnt mhaith ionchuir ón gComhairle maidir le hacmhainní foirne.

Próiseas fada is ea dul i bhfeighil ina bhfuil na stiúrthóireachtaí go léir ag obair agus bunaítear foireann thiomnaithe ildisciplíneach chun obair a riar. Baineann na príomh chéimeanna leis an bpróiseas seo a leanas:

- Aitheantas den stir iomlán pleanála an eastáit tithíochta – d’fhéadfadh an próiseas seo bheith casta nuair atá go leor ceadanna ar an suíomh, a ríonn amscála fada.
- Caithfear suirbhé agus imscrúdú a dhéanamh chun leibhéal comhlíonta a mheas maidir le cead deonaithe
- Caithfear dul i dteagmháil leis an bhforbróirí agus idirbheartaíochtaí a dhéanamh chun cur chuige maidir le comhlíonadh a mheas.
- Ranníocaíochtaí agus bannaí a mheas i dtéarmaí na n-iomlán céimniú na n-íocaíochtaí agus socruithe dlíthiúla.
- Caithfear córais monatóireachta slán i gcás teipe a bhunú agus a chothú chun córas a fheidhmiú go maith.
- Nuair atá forghníomhú dosheachanta, léiríonn sé seo próiseas breise agus tá ar an bhfoireann bheith eolach ina dtaobh agus teastaíonn Foireann speisialta, tiomnaithe agus cras-stiúrthóireachta.

Tá obair sa réimse seo ag dul ar aghaidh go leanúnach agus táthar ag súil le heilimint phleanála substaintiúil sna blianta romhainn amach.

## PLEANÁIL CHUN CINN


Tá an tAonad um Phleanáil Chun Cinn freagrach as taighde, ullmhú agus táirgeacht gach uile Plean Forbartha, Plean Ceantair Áitiúil agus tograí chun cinn. Ní chuireann an cur chun donais eacnamaíoch isteach air mar a chuir sé isteach ar earnálacha eile, mar a rialtar clár oibre pleanála chun cinn ag an Acht 2000 agus ag forghníomhú leanúnach de reachtaíocht náisiúnta agus AE san earnáil phleanála agus Comhshaoil. Thairis sin, tá an tAonad um Phleanáil Chin Cinn bainteach go rialta le tionscadail eile a bhfuil roinnt ama suntasach acu ar nós OCEanna (Ordú Ceannaigh Éigeantaigh), Staidéir ar Phasáistí agus tograí eile ar leibhéal náisiúnta agus áitiúla.

Imlíonn an achoimre seo a leanas na príomh thograí faoina thug an Chomhairle agus tá sí ag súil le sceideal 2010.

## PLEAN FORBARTHA CHONTAE LONGFOIRT 2009-2015


Thosaigh an t-athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Longfoirt 2003 – 2009 in Aibreán 2007 i ndiaidh réamh-obair shuntasach a rinneadh i 2006. Bhí go leor imeachtaí éagsúla ar siúl le linn 2008, mar a rinneadh an chuid is mó den comhairliúcháin sa thréimhse seo.

Ceapadh an Plean Forbartha i Feabhra 2009 agus bheidh sé i bhfeidhm ón 16 Márta, 2009



## PLEAN FORBARTHA BAILE LONGFOIRT 2009-2015

Ullmhaíodh Plean Forbartha Baile Longfoirt ag an Rannóg Pleanála thar thréimhse ó 2007 – 2009, a chuimsigh ullmhú agus riaradh an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnaithe cuí. Ceapadh an Plean in Iúil 2009 agus tháinig sé i bhfeidhm Lúnasa ina dhiaidh sin.



## PLEANANNA CEANTAIR ÁITIÚIL

Éascaíonn na Pleananna Ceantair Áitiúil foras bhailte agus sráidbhailte ceaptha tríd a gcothaítear forbairt chun pobal atá ann cheana féin a thacú go háirithe dóibh i gceantair tuaithe. Leagann an Plean Forbartha amach ceantar le bheith clúdaithe ag Pleananna Ceantair Áitiúil, a chlúdaíonn Béal Átha Liag agus Cluinín le bheith san áireamh i 2010.

### ***Purláin Longfoirt Deisceartach***

Tá Plean Ceantair Áitiúil do Phurláin Longfoirt Deisceartach togra chomh pháirteach idir Chomhairlí Bhaile agus Chontae Longfoirt nach mór críochnaithe. Is í aidhm an phlean seo pleanáil don cheantar a h-impléadadh agus conas is féidir an plan a chur i bhfeidhm, bunaithe ar bhonneagar atá ann cheana féin agus ar bhonneagar forthielgthe go meán téarmach agus go fadtéarmach. Moltar sa phlean, forbairt i dtrí chéim sa cheantar cuí, nasctha i gcóngar le soláthar d'áiseanna infreastruchtúr cuí.

Tar éis a bheith scaipeadh ar dtús i bhfoirm dhreachta do chomhaltaí an dá Chomhairle i Meán Fómhair 2008, déanadh athbhreithniú ar an bplan chun athruithe do mholtaí infreastruchtúr a léiriú agus iad a ionchorprú sa Chomhthéacs pleanála. Táthar ag súil le plé ar Thuairiscí an Bhainisteora ar aighneachtaí ag dhá chruinniú na gComhairle Eanáir 2010. Má ceaptar é, beidh an plan seo curtha i bhfeidhm i bhFeabhra 2010.

### ***Cluinín Dá Rátha***

Scéim atá ag ardghrád ullmhúcháin is ea PCA Chluainín Dá Ráth, le mór-oibreacha déanta le linn tréimhse 2008/9, san áireamh comhairliúcháin shubstaintiúil maidir le MST agus MO leis na húdaráis cuí. Tá an próiseas comhairliúcháin poiblí curtha ar feitheamh faoi láthair.

### ***Béal Átha Liag***

Tá Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha Liag suas le haghaidh athbhreithnithe faoi láthair. Tá réamh-oibreacha déanta ar an bplan cruinniú poiblí san áireamh. Beidh sé seo mar chuid de sceideal oibre 2010.

### ***An Charraig Ghlas***

Tá Plean Ceantair an Charraig Ghlas suas le haghaidh athbhreithnithe i 2010. Beidh an plan seo dúshlánach, agus beidh cur chuige nuálach ag teastáil le páirtíocht gach roinn, grúpaí agus eagraíochtaí freagracha d'fhorbairt an Chontae.

## TIONSCADAIL EILE

### ***Staidéar ar Úsáid Thalún agus Iompair (SUTI)***

Tá staidéar ar úsáid thalún agus iompair (SUTI) ag pointe ullmhúcháin ardghrád do Bhaile Longfoirt agus a phurláin a fhóinann d'fhorálacha de na pleananna bainteacha. Tá samhail tráchta uasdhátaithe ag gabháil leis don bhaile, cuirfidh an staidéar seo eolas ar fáil faoi sruthanna tráchta ann cheana féin agus sruthanna tráchta fortheilgthe, acmhainneacht ag aomhail agus réitigh féideartha do chaolas tráchta agus ceantair fhaidhbe ar fud an bhaile. Tabharfaidh sé treoir faoi chomharthaíocht, troscán sráide agus déileáil le trácht agus ciorclán coisithe i bhforbairtí nua. Rinneadh an staidéar seo le dlúth -chomhairliúcháin le tograí phleanála chun cinn eile sa cheantar ar nós PCA ar phurláin sa tuaisceart agus sa deisceart agus Pleananna Forbartha Contae agus Baile.

### ***Ceangaltais CFG***

Éileoidh an Plean Forbartha Dréachta agus monatóireacht MSC agus forbairt agus cuir i bhfeidhm córais CFG, chun sonraí pleanála agus comhshaoil a bhailiú, a anailísiú, a stóráil agus a léiriú mar chuid de cheangaltais na dtograí seo.

San áireamh sna tograí CFG le déileáil leo ar dhroim an Plean Forbartha Chontae tá:

- Uasdhátú an córas Iplean ag freagairt do bheartais an plean forbartha reatha
- Ullmhúchán Léarscáil Turasóireachta don Chontae
- Mapáil ar Thithíocht Tuaithe

Cleachtadh bailiúchán eolais CFG sonrach agus mionsonraithe is ea an anailís Talamh ar Fáil do Thithíocht don Roinn Comhshaoil a déantar go bliantúil sa Fhómhair.

### Treoirilínte do Phleanáil Réigiúnach


Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na treoirilínte maidir le pleanáil i Lár na Tíre. Próiseas níos déine a bheidh i gceist i gcomparáid leis an gcéad cheann a bhfuil Measúnú Straitéiseach Comhshaoil, Measúnú Oiriúnach agus Measúnú Riosca Straitéiseach Tuile mar chuid de na heilimintí breise a chaithfear a chur san áireamh. Próiseas fada is ea ullmhúchán na dtreoirilínte seo a bheidh ionchuir substaintiúil ag teastáil ón rannóg pleanála go dtí seo agus leanfaidh sé mar sin go dtí go mbíonn sé tarraingthe suas.

Éilíonn athraithe i mbeartais sna treoirilínte seo athrú pleananna agus beartais ag leibhéal an Chontae, agus beidh éifeacht aige seo ar phleanáil don todhchaí i sceidil 2010 agus ina dhiaidh ain.

## FORGHNÍOMHIÚ

Bhí Comhairle Chontae Longfoirt gníomhach maidir le cur chun feidhme pleanála le linn 2006-2007. Le linn 2007 d'eisigh an Chomhairle 75 litir rabhaidh agus 90 fhógra forfheidhmiúcháin. Tosaíodh imeachtaí dlí maidir le 19 gcás.

### Gmíomhaíochtaí Forfheidhmithe 2007-2009



Bhí líon na gcasann forfheidhmithe an-chosúil i 2008, le 82 litir rabhaidh eisithe, 60 fógra forfheidhmithe eisithe agus 14 imeacht dlí curtha i bhfeidhm. I 2009, eisíodh 52 litir rabhaidh, chomh maith le 28 forfheidhmiú agus 13 cás curtha ar aghaidh le haghaidh imeachtaí dlí. Tá na treochtaí seo léirithe go grafach ar an gcart thuas.

# DOITEÁN & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Tá stáisiúin ag na Seirbhísí Dóiteáin agus Éirgeandála sna suíomhanna seo a lenas:

Baile Uí Mhatháin, Meathas Troim, Gránard, Béal Átha Liag agus Longfort.

Stáisiúin le foireann 48 comhraiceoir dóiteáin coinnithe is ea iad a fhreagraíonn teagmháil dóiteáin agus tarrthála. Bhí an Roinn Dóiteáin gníomhach maidir le sábháilteacht dhóiteáin a chothú le linn na bliana. San áireamh Sábháilteacht Dhóiteáin sa Chlár Scoile, ina dtugadh cuairt ar gach uile bhunscoil agus tugadh cainteanna do dhaltaí i rang a trí agus trí bheith páirtíocht ar na Coistí d'Oíche Shamhna FSS agus na Gardaí a chothaigh Sábháilteacht ag tine cnámh agus ar úsáid cheart thine ealaíne.

Déanadh próiseáil sa Roinn Dóiteáin ar Theastais Sábháilteachta Dóiteáin, Tarchuir Pleanála, Ceadúnais Cúirte maidir le Tarchur Iarratais. Rinneadh iniúchadh ar áiteanna siamsaíochta agus áitribh cónaithe le linn 2009.

Síníodh conradh do Stáisiúin Dóiteáin i Maitheas Troim mí na Nollag 2009. Is é Adston Ltd ó Bhéal Tairbirt, Contae an Cabháin an conraitheoir rathúil. Ceaptar go dtosófar ar an obair go luath i mí Eanáir 2010 le ham críochnaithe de 12 mí ó shíniú na gconarthaí.

Ceannaíodh trealamh do mhórtitheagmhais de luach €100,000. Chuir an Roinn Comhshaoil mhaoiniú caipitil ar fáil don trealamh seo.

Cuireadh síneadh le Stáisiúin Dóiteáin Longfoirt amach ag lorg tairsceana. Táimid ag fanacht i láthair na huair le haghaidh cead ón Roinn Comhshaoil chun dul ar aghaidh agus an conradh seo a bhronnadh.

Reachtáladh Cleachtadh Éirgeandáil Mhóir Réigiúnach i mí na Nollag le rannpháirtithe ón Iarmhí, Uíbh Fháilí, Lú agus Comhairle Chontae Longfoirt, FSS agus An Garda Síochána. Thástáladh ról an Rialaitheoir Oibriúcháin san chleachtadh seo.

## OIBRIÚCHÁIN

Mhainigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil Inneall Dóiteán Éirgeandála a d'imigh amach ar an mbóthar i Maitheas Troim Deireadh Fómhair 2009. Mhainigh an Roinn chomh maith Aonad Ábhair Ghuaiseach (san áireamh, córas díshalaithe agus culaith ghásobach), leantóir cúraín, ceamara íomhánna teirmeacha, monatóir talún agus aonad atáscaire; fuarthas na rudaí seo ar fad i 2009.

In Eanáir 2009 d'fháiltigh an briogáid dóiteán roimh Seán Mimnagh ar ais arís, a d'éirigh as Aonad Bhéal Átha Liag i 2006. Chomh maith leis sin, Oliver Kelly a uamadh le hAonad Longfoirt i mí Eanáir, le Philip O'Hara agus Piotr Doroz a uamadh le hAonad Gránard i Meán Fómhair. D'éirigh Liam Connerton as ó Aonad Bhéal Átha Liag i mí na Nollag 2009 tar éis 21 bliain de sheirbhís mar fhear múchta dóiteán agus fo-oifigeach.

I mí Márta ghlac baill an bhriogáid dóiteán páirt i gcomórtas dtionscnaimh dúshlán náisiúnta Eagraíocht Tarrthála na hÉireann agus chríochnaigh siad sa tríú háit sa chomórtas iomlán. Mar aon leis sin, bronnadh an dara háit ar Oifigeach Stáisiúin Pauric Cullen i gcatagóir *Bainistiú Ordaithe* agus cuireadh sa dara háit Meicneoir-Tiomána Rory Kelly agus Fear múchta dóiteán Raymond Hussey i gcatagóir *Scileanna Teicniúla*. Ghlac siad páirt agus ullmhaíonn na Fir múchta tine don chomórtas seo ina am féin.

Chríochnaigh 2009 ar nóta brónach don bhriogáid dóiteáin nuair go luath maidin Nollag glaoth chuig tine ollmhór ag Ard Eaglais Naomh Mel iad, foirgneamh ar a raibh ard-mheas ag muintir Longfoirt air. D'fhreagair cúig aonad de Sheirbhís Dóiteán Longfoirt an tine. Faraor, bhí damáiste struchtúrtha ollmhór déanta don Ard Eaglais de bharr na tine.



## COSAINT SHIBHIALTA

Tá Cosaint Shibhialta mar chuid d'eagraíocht dhomhanda a bhfuil sé mar phríomhról acu saolta a shábháil agus fulaingt le linn cogadh a mhaolú agus is é a ról síochána cuidiú ag tubaistí nádúrtha agus saorga. Ar leibhéal áitiúil, tá an Chosaint Shibhialta freagrach as earcú agus oiliúint na ndeonái agus soláthar ionaid oiliúna don phobal.

Seo iad a leanas na príomh ghníomhaíochtaí, cláir, imeachtaí agus forbairtí le linn 2009:

- Bhain duine dar mbaill amach, ceann de na céad Teastais TME (Teicneoir Míochaine Éigeandála) sa Tír a bhí ar siúl ag an gColáiste Cosaint Sibhialta. Chaith sí go leor dá cuid ama saor agus go leor iarrachta sa chúrsa agus tá áthas orainn go léir leis an toradh.
- Chuireamar go leor cúrsaí Garchabhair ar siúl ar siúl i rith na bliana BTB/UDS (Bun-Tacaíocht Beatha/ Uath-Dhífhibrileoír Seachtrach), , GG(Garchabhair Ghairme), CFC (Céad Freagra Cairdiach), agus cúrsaí Garchabhair bunúsach Phobail do bhaill an phobail, earcaigh nua agus baill ann cheana féin. Chuireamar cúrsaí Ionduchtaithe agus cúrsaí faoi Láimhsiú do na baill ar fad.
- Rinne beirt ón bhfoireann Cúrsa Liagóir Chun Cinn a bhí amuigh sa bhfarraige amach ó chósta Cathair na Mart agus bhí loingseoireacht ar an gcósta san oíche, láimhsiú báid agus cúrsa raidió mara. Fad is a bhí siad ag traenáil mar ullmhúchán don chúrsa seo ar Loch Rí, in aice le Áth Luain cuireadh ceist orainn tacú leis an nGarda Cósta i gcuardach san áit, de bharr glaoch guaise a bhí faighte acu.

- Go háitiúil bhí roinnt Cúrsaí ar Mhonatóireacht Radaíochta, Cuardach agus Cumarsáide
- Ghlac ár gcríú báid páirt sa Chomhdháil oiliúna bhliantúil i gCora Droma Rúisc bainteach leis an bhflíú éanúil
- I mí Deireadh Fómhair bhuaigh foireann ó Longfoirt chomh maith le baill ó Bhaile Átha Cliath agus Cill Mhantáin an Cleachtadh Náisiúnta i gContae Lú. Ba é seo an chéad uair do Longfort agus tá ard mholadh ag dul dun chriú as ucht a gcuid ama a chur isteach ag ullmhú don imeacht
- Bhí baill páirteach i gCleachtadh an Údaráis Áitiúil um Éigeandáil Mhóir i mí na Nollag.
- I rith mí na Samhna agus Nollag bhí Cosaint Shibhialta ar fuireachas cuid mhór den am i rith na tuillte agus an droch-aimsir. Glaoch ar chriú an bháid ar ócáid amháin agus chabhraíomar leis an mBéilí ar Rothaí áitiúil roinnt ócáide.
- I rith 2009 ar fad chuidigh Cosaint Shibhialta Longfoirt le 42 imeacht sa phobail áitiúil



*Suíomh an Chleachtadh Náisiúnta Tarrthála i nDroichead Átha*




*Grúpa Réigiúnach ag glacadh páirt san Cúrsa Liagóir Chun Cinn i gCathair na Mart.*



*Ag glacadh páirt sa Chleachtadh Náisiúnta cleachtadh uisce ar Abhainn na Bóinne i nDroichead Átha*



## EACNAMAÍOCHT & FORBAIRT POBAIL, CORPARÁIDEACH & SEIRBHÍSÍ CHULTÚRTHA AGUS ACMHAINNÍ DAONNA





Cllr. Martin Mulleady,  
Cathaoirleach CBS  
Forbairt Eacnamaíoch



Mr. Frank Sheridan,  
Director of Services

## POBAL & FIONTRAÍOCHT

### BORD FORBARTHA CONTAE LONGFOIRT

Tá 29 comhalta ó cheithre earnáil ar an mBord mar seo a leanas:

#### RIALTAS ÁITIÚIL (7 COMHALTA)

Cllr. Alan Mitchell, Cathaoirleach an Bhoird, Méara Peggy Nolan, Cllr. Victor Kiernan, Cllr. Martin Mulleady, Cllr. Gerry Brady, Comhairle Chontae Longfoirt. Cllr. Fintan Flood, Comhairle Bhaile Gránard, An tUas. Tim Caffrey, Bainisteoir Contae Longfoirt.

#### FORBAIRT ÁITIÚIL (7 GCOMHALTA)

An tUas. Adrian Greene, An tUas. Pat O'Rourke, (Acmhainní Pobail Longfoirt Teo.). An Dr. Ruth McGrath, (Pillar Comhshaoil) An tUas. Michael Nevin, Beatrice Cunningham Uas., (Bord Fiontair Chontae Longfoirt). Josephine Stroker Uas., (Tógra Dearcáin Longfoirt) Patricia Harrison Uas., (Coiste Cúram Leanaí Longfoirt).

#### GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT (10 GCOMHALTA)

Ceannfort Denis Shields (Garda Síochána), An tUas. Kevin Kidney (Fáilte Éireann), Chris Forde Uas. (ÚFT Éire), Vacant (Fiontraíocht Éireann), Grainne Nic Gobhann Uas. (Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte), Michael Kearney Uas. (Roinn Leasa Shóisialaigh), An tUas. Peter Egan (FÁS), An tUas. Oliver Burke (Teagasc), Josephine O'Donnell Uas. (CG Contae Longfoirt), An tUas. Eugene Rafferty (Roinn Oideachas & Eolaíochta).

#### COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA (5 CHOMHALTA)

An tUas. George Shedwell (Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn), Kate Keegan Uas & Brenda Quinn Uas (Earnáil Phobail agus Dheonach), An tUas. James Brady (Earnáil Fheirme), Karen Clabby Uas (Earnáil Gnó).

Athbhuanú de Bhallraíocht Bord Forbartha an Chontae tar éis Toghcháin Áitiúla 2009.

#### RIALTAS ÁITIÚIL

Tar éis na Toghcháin Áitiúla i 2009, bhí Méara Peggy Nolan, Cllr. Victor Kiernan, Cllr. Martin Mulleady agus Cllr. Gerry Brady in áit Cllr. Sean Farrell, Cllr. Martin Farrell, Cllr. Barney Steele agus Cllr. Adrian Farrell.

#### FORBAIRT ÁITIÚIL

Bhí An tUas. Adrian Greene, An tUas. Pat O'Rourke agus An tUas. Sean Hannon in áit Monica O'Malley Uas., Tess Murphy Uas. Agus An tUas. Charlie Harrison of LCRL. Le linn 2009, bhí An tUas. Sean Hannon (LCRL) in áit An Dr. Ruth Mc Grath (Pillar Comhshaoil).

#### GNÍOMHAIREACHTAÍ STÁIT

Bhí Chris Forde Uas. in áit Gillain Maunsell Uas. ÚFT. Grainne Nic Gobhann Uas in áit Donie Murtagh (FSS), An tUas. Michael Kearney in áit Marie Cullen Uas (Roinn Leasa Shóisialaigh), An tUas. Peter Egan in áit Gerry Johnston), An tUas. Oliver Burke in áit Michael Lennon (Teagasc), Josephine O'Donnell Uas. in áit An tUas. Sean Ryan (CG Contae Longfoirt), An tUas. Eugene Rafferty in áit An tUas. Seamus Murray, An Roinn Oideachas & Eolaíochta.

#### COMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA

Bhí Kate Keegan Uas. & Brenda Quinn Uas. in áit An tUas. Mark Casey & Fionnuala Spillane Uas. (Fóram Pobail & Deonach). Áit bhreise ar an mBord is ea An Dr. Ruth Mc Grath ar son an pillar comhshaoil.

## BORD FORBARTHA CONTAE LONGFOIRT

Dé hAoine 20 Márta 2009, thug an Bord faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Straitéiseach 2006-2008. D'éirigh go maith leis an mBord ina phríomh spriocanna a bhaint amach i rith an tréimhse seo trí gníomhaireachtaí a earcú ag gach leibhéal agus an dhilseacht do choincheap 'obair idirghníomhaireacht'. Stiúir agus threoraigh an Bord go leor tograí nuálacha agus tograí ann féin i réimsí éagsúla sóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha.

Sa todhchaí tá beartaithe ag an mBord díriú ar líon teoranta de thosaíochtaí agus gníomhaíochtaí thar tréimhse trí bliana go leith ó lár 2009 go dtí deireadh 2012, le béim faoi leith ar comhoibriú idirghníomhaireacht agus an gá le acmhainní a roinnt chun inniúlachtaí a chinntiú agus luach ar airgead chun riachtanais na grúpaí cliant cuí a shásamh. Ag teacht ón athbhreithniú d'aontaigh an Bord, Plean Gníomhaíochta a tugann tosaíocht do 7 mbuncheist, agus gníomhaíocht dá réir sa tréimhse 2009-2012.

### Aontú Pleananna Gníomhaireachta Forbartha Áitiúil ag an mBord Forbartha Contae

Ceann de phríomh ról Bord Forbartha Contae (BFC) ná soláthar le comhordú níos fearr de sheirbhísí forbartha poiblí agus áitiúil ag leibhéal áitiúil. Lárnach san ról um chomhordú seo is ea cigireacht ar cur i bhfeidhm straitéis deich mbliana trí na gníomhaireachtaí cuí pleananna forbartha áitiúla san áireamh. Ar mhaithe le comhordú níos fearr de phleananna na gníomhaireachtaí forbartha áitiúla bhí na pleananna curtha san áireamh ag an nGrúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta (GOBCS) agus ar mholadh uathu siúd déanadh iad a fhorghnuiniú ag an BFC.

## PRÓIFÍL BOCHTAINÉACHTA LONGFOIRT AGUS STRAITÉIS CUIMSIÚ SÓISIALTA / UASDHÁITHE

Foilsíodh na doiciméadaí ar Phróifíl Bochtaineachta agus Straitéis Cuimsiú Sóisialta i 2009. Is í aidhm an Phróifíl ná Bochtaineachta míbhuntáisteach ár gContae a mhapáil agus níos mó pleanála sonraithe agus idirghabháil a chur ar fáil. Ba é Exodea Europe na comhairleoirí a cheapadh chun Próifíl bochtaineachta Longfoirt agus Straitéis Cuimsiú Sóisialta Longfoirt a fhorbairt don gcéad uair. Ba é forbairt Próifíl Bochtaineachta agus Straitéis Cuimsiú Sóisialta ceann de phríomh gníomhaíochtaí Plean Straitéiseach an BFC. Bhí an Grúpa Oibre na mBeart le haghaidh Cuimsiú Sóisialta i bhfeighil soláthair an gníomhaíocht seo agus chuir sé grúpa stiúrtha idirghníomhaireacht ag déanamh maoirsiú air.

## COMHOIBRIÚ IDIRGHNÍOMHAIREACHT MAIDIR LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ AGUS TACAÍOCHTAÍ DON LUCHT SIÚIL

Tá grúpa idirghníomhaireacht Taistealaithe ag feidhmiú mar fho-choiste de Bhord Forbartha an Chontae agus déanann sé maoirsiú ar chur i bhfeidhm Plean Idirghníomhaireacht Taistealaithe Longfoirt agus tá ceithre phríomh réimse aige: sláinte, oiliúint, oideachas agus fostaíocht. Déanadh dul chun cinn suntasach faoi Thaistealaithe óga a choimeád in oideachas agus in traenáil agus i bpoist a fháil do roinnt Bhan den Lucht Siúil. I 2009, cuireadh ceist ar an ngrúpa tabhairt faoi athbhreithniú de na gníomhaíochtaí atá acu faoi láthair agus féachaint arís ar na tosaíochtaí atá acu don todhchaí.

## FÓRAM POBAIL AGUS DEONACH LONGFOIRT

Stiúir Fóram Pobail agus Deonach a plean féin do 2009/2010. De thoradh ar dhá sheisiúin pleanála bhí anailís iomlán ar oibriúcháin an fhórait agus an eagraíocht.

Seo a leanas an fhís do Fhóram Pobail agus Deonach Longfoirt:

1. An gá atá le guth éifeachtach d'earnáil an phobail ag an leibhéal déanamh cinnidh sa chontae.
2. An gá atá le cumarsáid éifeachtach san earnáil phobail agus idir an earnáil agus earnáil eile sa chontae.
3. An gá atá le eagrú éifeachtach an fhórait phobail chun na riachtanais sin a shásamh.

D'aithin an Fóram ceithre phríomh chuspóir do 2009:

- Gabháil i rith na bliana amach romhainn i gcleachtadh coinchréiteach tacaíochta d'earnáil an phobail.
- Nós imeachta a chur i bhfeidhm agus a aithint i rith na bliana seo, leis an bhFóram a chumasú chun léiriú go héifeachtach nithe ag teacht as ball ghrúpaí aonair.
- Acmhainní don Fhóram a aithint agus a dhaingniú.
- Straitéis Oiliúna a aithint do bhallraíocht an Fhórait.

Ag Cruinniú Cinn Bhliana an Fhórait in Aibreán 2009 bhí an coiste feidhmiúcháin seo a leanas tofa:

|                           |                                                                             |
|---------------------------|-----------------------------------------------------------------------------|
| <b>Cathaoirleach</b>      | Joe Murphy (Cumann Forbartha Tuaithe Dromárd)                               |
| <b>Leas-Cathaoirleach</b> | Parvez A Butt (Comharchumann Forbartha Newtownforbes)                       |
| <b>Rúnaí</b>              | Edel Kelly (Ionad EDI)                                                      |
| <b>Rúnaí Cúnta</b>        | Grace Hegarty (Cumann na mBailte Slachtmhar Longfoirt)                      |
| <b>Comh-Chisteoir</b>     | Rose Higgins (Comhairle Phobail Mhuintir an Teanga)<br>Brenda Quinn (LSPCA) |
| <b>Caidreamh Poiblí</b>   | Patricia Rouiller (Nasc na mBan Longfoirt)                                  |

### ATHFHORBAIRT CHALADH RICHMOND, CLUAIN DÁ RÁTH

Comhoibriú Comhairle Chontae Longfoirt, Uiscebhealaí Éireann agus Fáilte Éireann le chéile ar athfhorbairt Chaladh Richmond Cluain Dá Ráth. Bainteach leis an togra tá suiteáil snámháin agus sail bharra, síneadh le balla an chalaigh a bhí ann cheanna féin agus athchóiriú foirgneamh in anchaoi, an ceantar a fheabhsú le tírdhreachú bog agus láidir chomh maith le soláthar áit súgartha fíor-riachtanach. Tugann an tionscadal spreagadh turasóireachta fíor-riachtanach don cheantar.

### STRAITÉIS TURASÓIREACHTA LONGFOIRT

Oibríonn grúpa ilghníomhaireacht le hionadaithe ó Chomhairle Chontae Longfoirt, Comhairle Bhaile Longfoirt, Bord Fiontraíochta an Chontae, LCRL, Fáilte Éireann agus Turasóireacht Longfoirt chun Straitéis Turasóireachta a fhorbairt don Chontae. Críochnaíodh iniúchadh agus úsáidfear é le haghaidh pleanáil straitéiseach mar aon le comhairliúcháin cuimsitheach leis an earnáil.

### DÁIL NA NÓG & COMHAIRLE NA NÓG 2009

Is é an chéad aidhm ag an Straitéis Náisiúnta do Leanaí ná “go mbeidh guth ag Leanaí maidir le ceisteanna is cúram dóibh agus tabharfar tosaíocht dá dtuairimí de réir aoise agus aibíochta”. Dáil náisiúnta bhliantúil is ea Dáil na nÓg do dhaoine óga a thugann deis dóibh ceisteanna a phlé agus tionchar a bheith acu ar bheartas poiblí. Toghtar na teachtaí chuig Dáil na nÓg trí Chomhairle na nÓg áitiúil. Toghadh cúigear dhuine óg ó Longfort chun freastal air i bhFeabhra 2009. Claire Donlon, Stephen Norton, Carlus Matthews, Aiden Coady agus Enya Mulcahy ab ea na teachtaí tofa do Dháil na nÓg. D'fhreastail na teachtaí ar oiliúint i gContae an Cabháin le teachtaí ó chontaetha comharsanach d'fhonn iad a ullmhú bheith páirteach i nDáil na nÓg. Leasú oideachais agus sláinte mheabhrach do dhaoine óga ab ea na téamaí a bhí le plé ar an lá agus briseadh iad seo suas go dtí na nithe seo a leanas; féin mharú, bulaíocht, saol sláintiúil agus sláinte gnéasach.

Tá freagracht ag an mBord Forbartha Contae maidir le hullmhúchán Comhairle na nÓg cinn bhliana. Bhí ócáid 2009 ar siúl in Slashers Longfort ar an Satharn 12 Samhain agus d'fhreastail daoine óga, idir 15-18 mbliana déag ó iarbhunscoileanna agus ionaid traenála ar fud an chontae. Phlé na daoine óga réimse leathan d'ábhair bainteach leo ar nós drugaí agus alcóil agus easpa deiseanna fostaíochta. Ba iad easpa fostaíochta, táillí coláiste agus an t-ardú sa ráta coiriúlachta i measc daoine óga na téamaí a chuireadh chun cinn le plé ag na hiarbhunscoileanna i Longfort. Toghadh cúigear chun Contae Longfoirt a ionadú ar Dháil na nÓg a bheidh ar siúl 5 Márta Feabhra 2010 i bPáirc an Chrócaigh.

### CLÁR GNÍOMHAÍOCHTA FEABHASAITHE DO CHOMHAIRLE NA NÓG

Daingníodh maoiniú ó Oifig an Aire Leanaí chun Comhairle na nÓg a fhorbairt. Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachta ar a raibh eochair-gheallsealbhóirí chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt maidir le chur i bhfeidhm roinnt tosaíochtaí a fheabhsóidh páirtíocht agus stiúirtheacht Comhairle na nÓg. Seo a leanas roinnt de na tograí:

### COMHAIRLE NA NÓG CHONTAE LONGFOIRT

Ionadaíonn Comhairle na nÓg Chontae Longfoirt scoláirí ó gach uile iarbhunscoil agus ionad traenála ar fud Chontae Longfoirt. Is í aidhm na Comhairle deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud an Chontae ceisteanna is cúram dóibh a ardú agus a phlé. Tionóladh roinnt cruinnithe i 2008 ina pléadh réimse leathan ceisteanna agus rinneadh moltaí do chomhlachais áitiúla. Déanadh athbhreithmiú de na hábhair a tháinig as go leor comhairlí na nÓg éagsúla. Déanadh iniúchadh ar áiseanna sóisialta do dhéagóirí níos sine le haoi chainteoir Jim Maher ó Foróige.



*Daltaí a d'fhreastail ar Chomhairle na nÓg 2009*

### CLÁR OILIÚNA COMHAIRLE NA nDALTAÍ

Cuireadh oiliúint ar fáil do Chomhairlí na nDaltaí in iarbhunscoileanna agus ionaid For-rochtain chun forbairt Comhairlí Daltaí a éascú agus chun feasacht Chomhairle na nÓg agus Dáil na nÓg a mhúscailt. D'éirigh go maith leis an dtosaíocht i gcultúir daonlathach a spreagadh sna daoine óga.



*Fiona McLoughlin múinteoir i gColáiste Teampall Mhichíl agus Laura McPhillips Comhairle Chontae Longfoirt le Comhairle na nDaltaí Teampall Mhichíl.*

### CLÁR FEASACHTA MÍCHUMAIS

I mí na Nollag 2009, sheol Comhairle Chontae Longfoirt i gcomhair le Cumann na gCathaoir Rothaí in Éirinn DVD oideachasúil idirghníomhach "Radharc as Seo" go hoifigiúil. Sí aidhm an acmhainne seo ná feasacht a ardú i measc daltaí agus múinteoirí de na céimeanna simplí gur féidir leo a thógáil, na meonta gur féidir leo a athrú agus na cinntí gur féidir leo a dhéanamh, a feabhsóidh an slí a chastar le daoine le míchumais.

San áireamh san acmhainn DVD seo tá lámhleabhar le cabhrú le múinteoirí agus ceannairí le hábhair thacaíochta breise, bileoga eolais ceardlanna agus imlíonann sé na gnéithe san áireamh. Tháinig inspioráid don togra seo ó bheirt scoláire ceithre bliana déag d'aois, atá ag maireachtáil nach mór an saol chéanna ach go gcastar leo beirt i slite difriúla ag go leor daoine. Tá míchumais ar dhuine de na cailíní agus níl ar an duine eile. Ceanglaíodh ceamara le cathaoir rotha ionas go bhféadfadh le lucht féachana an DVD cuid de na imeachtaí laethúla a tharlaíonn do dhuine i gcathaoir rotha agus b'fhéidir go mbeadh ionadh orthu faoi cad a tharlaíonn. Is ionadaí í an duine sa chathaoir rotha do bhallraíocht an phobail a thugann aghaidh ar fhadhb soghluaisteachta in aon slí.

Léiríonn an tosaíocht seo tiomantas Comhairle Chontae Longfoirt chun ár gComhairle na nÓg a fhorbairt agus a fheabhsú trí dhíriú ar chuimsiú daoine óga faoi mhíchumais. Chinntigh maoiniú faighte ag Phobal agus Fiontair ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige.



*Méara Peggy Nolan agus Laura Mc Phillips Comhairle Chontae Longfoirt le baill Cumann na gCathaoir  
Rothaí ag seoladh Cláir Feasachta Míchumais.*

### COMÓRTAS NÁISIÚNTA MÓRTAS ÁITE 2009

Comórtas is ea Mórtas Baile atá dírithe ar fheabhsúcháin de chuid an phobail áitiúla chun saoránacht chruthaithe ina gceantar a aithint. Bhí Co-operation Ireland ina óstach ar an gcomórtas uile oileáin seo i gcomhpháirt le Fóram Stiúrtha an Údaráis Áitiúil ar a raibh oifigigh ó údaráis dhá chuid an oileáin. Is í aidhm “Comórtas Mhórtas Áite” dea-chleachtas a chothú, nuálaíocht agus ceannasaíocht trí sholáthar pobail beoga inbhuanaithe a bhfeabhsaíonn cáilíocht na beatha do gach uile dhuine. Deis uathúil is ea é Mórtas Áite do ghrúpaí pobail aitheantas oifigiúil a fháil, ar fud an oileáin, mar gheall ar an obair luachmhar a rinne siad ina gceantair áitiúla. Déantar an próiseas ainmniúcháin don chomórtas uile-oileáin tríd na hÚdaráis Áitiúla.

I 2009, mhol Comhairle Chontae Longfoirt cúig iarrthóir seasamh ar son Contae Longfoirt i roinnt catagóir éagsúla. Seo a leanas na catagóir: Revamp (catagóir – óige), Páirc Mhic Giolla Bhríde (catagóir – eastáit tithíochta), Cumann Forbartha Pobail Mainistir Shruthla (catagóir-oidhreacht), ‘Grúpa Ban Iarthar ag buaileadh le Oirthear’ (catagóir – comhtháthú). Déanadh moltóireacht thar tréimhse trí lá in Iúil 2009. Bhí ar gach grúpa ionadaíocht a dhéanamh ag cur béime ar an réimse gníomhaíochtaí agus tograí a bhí déanta acu. Reáchtáladh Searmanais na nGradam Náisiúnta ar an gCaisleán Nua, Contae an Dúin ar an 21 Samhain 2009 áit a bhuaigh ‘Grúpa Ban Iarthar ag buaileadh le Oirthear’ duais Mórtas Áite, catagóire speisialta, Duais Comhtháite, ba mhór an onór é do Chontae Longfoirt agus don gcoiste.



*Méara Peggy Nolan le baill Grúpa Ban 'Iarthar ag buaileadh le Oirthear' buaiteoirí Comórtas Náisiúnta Mórtas Áite Catagóir Comhtháite, ag an Searmanais Náisiúnta na nGradam 2009.*

### COMÓRTAS MÓRTAS ÁITE 2009

Deis do Chomhairle Chontae Longfoirt is ea an Comórtas Mórtas Áite aitheantas a thabhairt ar obair dheonach agus ar thiomantas ghrúpaí áitiúla a bhfeabhsaíonn a bpobail áitiúla. Bíonn téama difriúil ar an gcomórtas gach bliain agus seo iad na téamaí do 2009:

'Gníomhaíochtaí Cultúrtha i réimsí an Cheoil, ealaíon, rince, drámaíocht, teanga, dealbhóireacht agus grianghrafadóireacht'. Is féidir le grúpa pobail ar bith i gContae Longfoirt cur isteach ar an gcomórtas. Rinneadh an mholtóireacht ar an 14 Bealtaine. Bhí Searmanas Gradaim ar siúl Déardaoin 16 Iúil 2009 agus bronnadh teastais agus duais airgid ar na buaiteoirí maidir le go leor catagóirí.

### COISTÍ COMHBHEARTAIS

Bunaíodh Costí Comhbheartais i gcomhpháirt leis an Garda Síochána i dtrí hÚdarás Áitiúil Longfoirt i gcomhréir leis an treoirlínte a eisíodh i Meán Fómhair 2008. Reáchtáladh cruinniú i seomra na Comhairle áit a déanadh cuir i láthair ag na Gardaí Síochána ar go leor ábhar ina measc, coiriúlacht, ordaithe poiblí agus tosaíochta póilíneachta an phobail.

### AN TIMPEALLACHT EACNAMAÍOCH

Tacaíonn Comhairle Chontae Longfoirt go gníomhach le forbairt eacnamaíoch ar fud Chontae Longfoirt. I rith 2009 lean an cúlú eacnamaíoch agus bhí sé an-shoiléir san earnáil tógála agus in easpa chaithimh airgid na dtomhaltóirí. Caithfidh na húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí tacaíochta eile comhoibriú i gcabhrú le slánú, fiontraíocht i mbaol na dúshláin reatha.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LONGFOIRT

### BORD COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT LONGFOIRT

Tá Bord Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt (2009) déanta suas d'ionadaithe ó eagraíochtaí reachtúil, deonach agus spóirtiúl: Cllr. Maura Kilbride Harkin, Cllr. Thomas O'Flaherty, Cllr. Martin Mulleady, Frank Sheridan, Comhairle Chontae Longfoirt, Clodagh Armitage, FSS, Sean Hannon, LCRL, Sean Ryan, CG, Mark Casey, Bord Forbartha an Chontae, Sara Jane Jordan, Seirbhísí Óige Contae Longfoirt, Mary Killane, Ionad Taitneamhacht Longfoirt, Oonagh Flynn, Seirbhísí Naomh Chríostóir Teo., Fabien Walsh, Eileen Farrell, Stephen Coy, Pat Cahill, Rose Kane agus Eamon Tynan. Cllr. John Duffy agus Cllr. Michael Carrigy cuireadh fáilte rompu ar an mBord CSL tar éis na toghcháin áitiúil Meitheamh 2009.



*Baill Bhord Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt*

### PRÍOMH CHLÁIR

Fuair ocht bunscoile i gContae Longfoirt oiliúint **Buntus Generic** le thart ar 100 múinteoir agus 1200 dalta ag baint leas as an gclár. Soláthraíonn an clár oiliúint do mhúinteoirí, mála trealaimh agus cártaí acmhainne, tá gach rud saor do scoileanna.



*Múinteoirí ag glacadh páirt in Oiliúint Buntus Generic*

Fuair 18 ionad **Buntus Start**, an clár céanna do réamh-scoileanna agus tá oiliúint faighte ag os cionn 100 duine. Gheobhaidh go neasach 975 páiste soláthar gníomhaíocht fisiciúil cáilíochta dá bharr.

Reáchtáladh ceithre cheardlann **Cód Eitice agus Dea-Chleachtais do Spóirt Pháistí** (Cosaint Leanaí) i rith na bliana. Déanadh teastasú ar 60 duine deonach agus oiliúnaithe ag Comhairle Spóirt na hÉireann tar éis na hoiliúna agus bhí ionadaíocht do 17 spórt ann. Reáchtálfar cúrsaí go leanúnach go rialta.

Chabhraigh an **Scéim Deontais na gClub Spóirt** riartha ag an CBS le seacht déag chlub sa Chontae. I measc na spórt a bhí tacaithe bhí forbairt club sóisearach, oideachas agus traenáil oiliúnaithe agus tograí a mhéadaigh úsáid áiseanna ag an bpobal.

### CLÁR SPRICE

Ag obair i gcomhpháirtíocht leis na CSL eile lár thíre, bhí CLS Longfoirt ina óstach ar Chomhdháil Daoine Deonacha i Spórt i dTeach Belvedere, Muileann gCearr i Meitheamh 2009. Chuala os cionn 80 rannpháirtithe cur i láthair ó ionadaithe na gCeann-Eagraíochtaí Náisiúnta, daoine deonacha áitiúla agus Jim Glennon, iar-imreoir idirnáisiúnta rugbaí na Éireann. Sheol Fear an Tí Ciarán Mullooly leabharán **Daoine Deonacha i Spórt** curtha ar fáil ag CSL ag an ócáid.

Seoladh **Cailíní Ag Gluaiseacht**, clár píolótach dírithe ar chailíní sna déaga atá neamh-ghníomhach, i gceithre meán scoil ar fud an Contae. Ina measc tá Gairmscoil Bhaile Uí Mhatháin, Meánscoil na Trócaire, Baile Uí Mhatháin, Coláiste Pobail Béal Átha Liag agus Ardscoil Phádraig, Gránard.

**Pobail i nGníomh** is ea clár maoinithe ag RAPID dírithe ar dhaoine óga de aois 13-18. San áireamh sa chlár tá treanáil spóirt, oideachas agus oiliúint do dhaoine deonacha, agus togra Bus Siúlóide i scoileanna. Bunaíodh coiste stiúrtha chun leanúint ar aghaidh le leagan amach an chláir i 2010.

Tá Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt i gcomhpháirtíocht le FSS ag éascú an **Tosaíocht Marcála sa Chlós Súgartha** atá le leathnú amach i mbunscoileanna i gContae Longfoirt. Is é Bunscoil Samhthann, Béal Átha na Lao an chéad scoil sa Chontae le feidhm a bhaint as an scéim.

Táthar ag ofráil SAOR IN AISCE Pacáistí Stoinsail (stionsail agus leabharán cluichí) chun bunscoileanna Longfoirt a chumasú chun marcáil a chuir síos sa chlós súgartha agus iad a spreagadh chun níos mó gníomhaíocht fisiciúil i páistí beaga trí Súgradh i suíomh na scoile.

### CUMARSÁID

D'fhoilsigh Comhpháirtíocht Spóirt Longfoirt i gcomhpháirtíocht le Bord Forbartha an Chontae nuachtlitir i bhFómhair 2009 agus eiseofar dhá cheann eile i rith na bliana.

Forbraíodh agus seoladh **suíomh idirlín** nua. **www.longfordsports.ie** a choimeádann eolas ar iliomad spóirt, clubanna, scéimeanna maoinithe agus áiseanna i Longfoirt.

Ag leanúint comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2009 le eagraíochtaí Spórt, gníomhaireachtaí áitiúla agus daoine aonair, tá **Plean Straitéiseach Spóirt** réidh anois le seoladh. Is féidir cóipeanna a íoslódáil ar shuíomh idirlín an CSL.



# LEABHARLANN CHONTAE LONGFOIRT, CARTLANNA AGUS SEIRBHÍSÍ OIDHREACHTA

## FORBHREATHNÚ

Tá sé brainse lonnaithe i Longfoirt, Baile Uí Mhatháin, Béal Átha Liag, Meathas Troim, Droim Lis agus Gránard.

Bhí an bhliain seo an-rathúil don tseirbhís leabharlainne le méadú de nach mór 8% i mballraíocht agus 6% i líon na gcuariteoirí go dtí na leabharlanna suas ó 109,092 i 2008 go dtí 124,343 i 2009. Léiríonn sé seo go soiléir an rath ar ár mbeart chun ár seirbhís leabharlainne a dhéanamh saoránach láraithe, freagrach agus cuimsitheach do riachtanais an phobail ar fad. Sí an Fhís atá againn ná "spás fáilteach a chothú do chách" in ár seirbhís leabharlainne, agus meas a léiriú ar an aonánacht agus éagsúlacht sa phobal ar a bhfuilimid ag freastal.

Chríochnaigh an bhliain ar nóta an-ard le síniú an chonartha le haghaidh athchoithriú an leabharlann phobal nua-aimseartha i mBaile Uí Mhatháin. Is iad na príomh comhairleoirí ar an togra na haitirí iomráiteacha Sean Harrington Architects agus na conraitheoirí a bheidh i mbun na hoibre, an comhlacht lonnaithe sa Ghailimh Purcell Construction. Tosófar ar an obair go luath Feabhra 2010.

## ÉACHTAÍ I 2009

Leanann an leabharlann ar aghaidh ag tógáil páirtíochtaí le gréasán de sholáthraithe seirbhísí chun saoránaigh gníomhach a spreagadh agus chun déileáil le nithe faoi eisiámh sóisialta sna príomh réimsí de eolais, oideachas saoil agus feabhsú an caighdeán maireachtála dár saoránaigh ar fad.

## ILCHINEÁLACHT CHULTÚRTHA

Tá an 'Grúpa Ban ón Iarthar ag buaileadh leis an Oirthear', a bhuaileann le chéile go coicisiúil ag dul ó neart go neart le deich náisiúntacht éagsúla ina mball den ghrúpa anois. Ba é buaic phointe na bliana dóibh ná 'Gradam Comhtháite Mórtas Áite Náisiúnta' a fháil ag searmanais speisialta ar an gCaisleán Nua, Contae an Dúin i mí na Samhna. Tá Grúpa na Máithreacha Polannacha agus na Lapadain ar an bhfód anois le trí bliana agus leanann sé ar aghaidh ag buaileadh le cheile go seachtainiúil maidin Aoine. Leanann úsáid litearthacht iasachta na leabharlainne ar aghaidh ag fás i gcónaí agus na ranganna a réachtálfar dhá uair sa bhliain le mór éileamh i bhFraincis, Spáinnis, Iodáilis agus Gaeilge.



Baill: "Oirthear ag Buaileadh le Iarthar"  
lena a gcorn Comórtas Náisiúnta Mórtas Áite

## TÓGRA UM LÉAMH SLÁINTIÚIL

Sheol an Teachta Peter Kelly T.D. i mí Iúil, 'Togra ag Cothú do Shláinte Meabhrach', ar son an Aire Meabhairshláinte, togra an-rathúil ilghníomhaireacht faoi stiúirtheoireachta na leabharlainne i gcomhpháirtíocht le Cumann um Shláinte Mheabhrach, FSS, Rapid agus proifisiúnaigh sláinte áitiúla is ea é. Táirgeadh agus scaipeadh ar na GP i láthair, Ionad Sláinte agus grúpaí pobail, ceathair déag bileog eolais chomh maith le póstaer ag cur chun cinn gnéithe éagsúla de shláinte mheabhrach ó Dhúlagar go dtí neamhord itheacháin. Ba é an chuspóir leathan an togra ná feachtas a mhéadú agus daoine a spreagadh chun an leabharlann a úsáid chun eolas ar gach gné de shláinte meabhrach, ag cabhrú an seana stiogma traidisiúnta timpeall sláinte meabhrach a laghdú.



Seoladh togra "Ag cothú do mheabhair shláinte"

Tháinig aiseolas dearfach ón togra seo agus mar thoradh air tá comhpháirtíocht oibre iontach anois leis na seirbhísí sláinte i Longfoirt. Buadh gradam náisiúnta ag seirbhísí Meabhairshláinte Longfoirt as ucht a bheith bainteach sa togra seo, a chabhraigh le maoiniú breis stoic sa leabharlann. Mar ghníomhaíocht leantach, eagraíodh Lá Meabhairshláinte Pobail go luath i mí na Nollag le chomhpháirtíocht ó na seirbhísí i longfoirt ag obair sa réimse meabhairshláinte.

### TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

Ceann de na forbairtí is mó sa tseirbhís leabharlainne le blianta beaga anuas ná an freagra ollmhór ón bpobal ar an soláthar tapaigh agus iontaofa idirlíon leathanbhanda agus rochtain WiFi i mbrainsí na leabharlainne ar fad.

Seoladh togra chomhpháirtíochta nua dírithe go príomha ar dhaoine dífhostaithe agus na daoine go dteastaíonn uathu a deiseanna oibre a fheabhsú, "Ríomhfhoghlaim ag an Leabharlann", i mí meán fhómhair san brainsí leabharlainne i Longfoirt, Gránard agus Béal Átha Liag. Tá an clár oscailte do fhoghlaiméoirí ar fad (os cionn 18) agus faoi láthair tá 75 foghlaiméoir cláraithe chun páirt a ghlacadh sa tosaíocht ó thrasghearradh an phobail – daoine éirithe as obair, dífhostaithe, ag obair sa bhaile, chomh maith le grúpa ó fhoireann an Chomhairle Chontae atá ag críochnú an ECDL. Tá ceardlanna á éascú go seachtainiúil ag leabharlanna rannpháirteach agus tá teacht isteach leanúnach agus liosta feithimh don chlár.

I measc forbairtí eile TFC i rith na bliana bhí:

- Seirbhísí téacsála SMS le custaiméirí tugtha isteach ag feabhsú cumarsáide le custaiméirí
- Gnéithe nua tugadh isteach ar shuíomh idirlín na leabharlainne, m.sh. bunachar sonraí ghnó ar líne, oideas ar líne, uirlis nua tuarascáil idirlín
- Tacaíocht leanúnach do thosaíochtaí náisiúnta ar líne ar nós Leabhair ar iasacht, Suíomh idirlín ceistiú faoi Éire
- Uasghrádú ar ár gcóras bainistíochta catalógú le cinntiú go bhfuil eolas atá cruinn agus éasca le húsáid do chustaiméirí in ár mbunachar sonraí ar líne
- Cuir isteach acmhainní bibleagrafaíoch idirlíon-bunaithe chun an córas catalógú a fheabhsú



*Turas Bealtaine ar fhóraois Dhoire Chasáin*

### SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE SCOTHAOSTA

Tá mí Bealtaine ainmnithe mar mhí chun cruthaitheacht a spreagadh i ndaoine scothaosta agus déantar comhordú ar trí thosaíocht Bealtaine. D'eagraigh an leabharlann, i gcomhpháirtíocht le Gréasán Longfoirt Daoine Scothaosta agus CG Longfoirt, cláir éagsúla agus spreagúil le haghaidh Bealtaine na bliana seo. Táimid an-bhuíoch do Chlann Uí Dhonabháin, úinéirí Teach an Chaisleáin Nua, Baile Uí Mhatháin, a thug a n-aiseanna dúinn saor in aisce chun leathanach idirlín 'Oidís Longfoirt ar Líne' chun oidís áitiúla bailithe ag daltaí Longfoirt óna sean tuismitheoirí, a sheoladh. Lean damhsa-tae beag an imeacht seo agus bhí 120 ball ó ghrúpaí Gníomhach Aoise an chontae i láthair. D'éirigh go hiontach le togra imeasctha, a spreagann páistí chun níos mó eolais a fháil ar a bparóiste féin agus múineann sé dóibh scileanna bunúsacha taighde, cuireadh tús leis ag daltaí bunscoile ó bhunscoil Fhormaoil agus Bunscoil Bhéal Átha Liag agus clubanna áitiúla Gníomhach Aoise, de thoradh na tosaíocht seo táirgeadh leabhrán "Oscail an Doras".

## TUAIRISC STAITISTIÚIL LEABHARLANN CHONTAE LONGFOIRT 2009

### FIGIÚIRÍ MAIDIR LE BALLRAÍOCHT NA LEABHARLANNA 2009

| Brainse           | Sinsearach   | Sóisearach   | Scoláire Meánscoile | Mac Léinn Ollscoile | Eile       | Iomlán 2009  | Iomlán 2008  | % Nollaig    |
|-------------------|--------------|--------------|---------------------|---------------------|------------|--------------|--------------|--------------|
| Longfort          | 1710         | 1974         | 638                 | 528                 | 60         | 4910         | 4427         | +10.9%       |
| Lanesborough      | 201          | 162          | 43                  | 14                  | 3          | 423          | 405          | +4.4%        |
| Gránard           | 189          | 196          | 37                  | 15                  | 23         | 460          | 572          | -19.6%       |
| Baile Uí Mhatháin | 133          | 156          | 10                  | 6                   | 5          | 310          | 288          | +7.6%        |
| Droim Lis         | 87           | 168          | 28                  | 11                  | 18         | 312          | 250          | +24%         |
| M. Troim          | 84           | 194          | 18                  | 6                   | 3          | 305          | 271          | +12.5%       |
| <b>IOMLÁN</b>     | <b>2,404</b> | <b>2,850</b> | <b>774</b>          | <b>580</b>          | <b>112</b> | <b>6,720</b> | <b>6,260</b> | <b>+7.3%</b> |

## LÍON CUAIRT AG CUSTAIMÉIRÍ AR LEABHARLANNA

| Brainse                          | Líon na gCuartheanna |
|----------------------------------|----------------------|
| Brainse Longfoirt                | 118, 578             |
| Leabharlann Bhéal Átha Liag      | 10, 815              |
| Brainse Gránard                  | 5, 449               |
| Brainse Droim Lis                | 3,960                |
| Brainse Baile Uí Mhatháin        | 3,066                |
| Brainse Maitheas Troim           | 2,268                |
| Seomra Staidéir Bhaile Longfoirt | 316                  |
| <b>IOMLÁN</b>                    | <b>144,452</b>       |

## LÍON NA NEARRAÍ FAIGHTE AR IASACHT 2009

| Branch            | Ficsean do Dhaoine Fásta | N. Ficsean do Dhaoine Fásta | Leanaí        | Déagó.       | Clos-Leabhar | Teanga Iasachta | Iasacht Idir-Leabharlann | Iomlán 2009   | Iomlán 2008   | % Nollaig san Áireamh |
|-------------------|--------------------------|-----------------------------|---------------|--------------|--------------|-----------------|--------------------------|---------------|---------------|-----------------------|
| Longfort          | 20,994                   | 16,923                      | 19,280        | 1,500        | 4,260        | 1,516           | 396                      | 64,869        | 62,198        | +4.2                  |
| Béal Átha Liag    | 3,668                    | 1,618                       | 2,732         | 170          | 56           | 184             | 73                       | 8,501         | 7,905         | +7.5                  |
| Gránard           | 2,567                    | 1,381                       | 2,998         | 134          | 183          | 60              | 52                       | 7,375         | 8,172         | -9.8                  |
| Baile Uí Mhatháin | 2,168                    | 562                         | 1,767         | 106          | 15           | 30              | 10                       | 4,658         | 5,432         | -15.2                 |
| Droim Lís         | 1,076                    | 708                         | 2,656         | 134          | 25           | 18              | 4                        | 4,621         | 4,764         | -3.1                  |
| Maith. Troim      | 1,155                    | 650                         | 2,335         | 78           | 98           | 0               | 10                       | 4,326         | 4,746         | -8.9                  |
| <b>IOMLÁN</b>     | <b>31,628</b>            | <b>21,842</b>               | <b>31,768</b> | <b>2,122</b> | <b>4,637</b> | <b>1,808</b>    | <b>545</b>               | <b>94,350</b> | <b>93,217</b> | <b>+1.2</b>           |

## STATISTICÍ FAOI ÚSÁID IDIRLÍN 2009

| Brainse           | Líon na Seisiúin úsáidte (sreangtha) | WiFi Seisiúin (gach sreang) | Iomlán 2009   | Iomlán 2008   | % Nollaig san Áireamh |
|-------------------|--------------------------------------|-----------------------------|---------------|---------------|-----------------------|
| Longfort          | 16,304                               | 980                         | 17,284        | 14,885        | <b>+9.5%</b>          |
| Béal Átha Liag    | 2, 765                               | 157                         | 2,922         | 2,527         | <b>+15.6%</b>         |
| Gránard           | 1, 737                               | 21                          | 1,758         | 1,726         | <b>+1.8%</b>          |
| Baile Uí Mhatháin | 837                                  | —                           | 837           | 801           | <b>+4.4%</b>          |
| Droim Lís         | 741                                  | 19                          | 760           | 696           | <b>+9.1%</b>          |
| Maith. Troim      | 461                                  | 1                           | 462           | 555           | <b>-16.8%</b>         |
| <b>IOMLÁN</b>     | <b>22,845</b>                        | <b>1,178</b>                | <b>24,023</b> | <b>21,190</b> | <b>13.3%</b>          |

## 10 LEABHAR BA MHÓ A BHFUARTHAS AR IASACHT 2009

- Hold Tight le Harlan Coben
- An Tástáil Teoirice Tiomána Oifigiúil – tiomsaithe ag an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
- This Charming Man le Marian Keyes
- Forgive and Forget le Patricia Scanlan
- When the Light Fades le Kathy Rodgers
- The Secret Scripture le Sebastian Barry
- Horrid Henry le Francesca Simon
- Lessons in Heartbreak le Cathy Kelly
- Horrid Henry and the Mummy's Curse le Francesca Simon
- Twilight le Stephanie Meyer

## IMEACHTAÍ EILE I LEABHARLANNA LONGFOIRT 2009



**Líne ar bharr, ó chlé:** Sain-eolaí Fairtrade expert Diane Auret ag seoladh Fairtrade Fortnight 2009 (Márta); Seinnteoir Sacsfón Jimmy Hughes ag cur siamsaíocht ar fáil do lucht freastal ar Bealtaine 2009 Rince-tea beag i dTeach an Chaisleán Nua (Bealtaine); Tréidlia an Chontae, Michael King ag freagairt ceisteanna ó úinéirí óga peataí i rith Féile an tSamhraidh Leabharlann Longfoirt 2009 (Iúil); Leabharlannaí cróga ag caint a tugtha ón Ionad Taighde Raptor na hÉireann i rith Féile an tSamhraidh Leabharlann Longfoirt 2009 (Iúil).

**Bun, ó chlé:** Ball diabhlaíochta Leabharlann Longfoirt ag baint taitnimh as leabhar ag Féile na Samhna Leabharlann Longfoirt (D. Fómhair); Fear Draíochta Christophe Lombardi Féile na Samhna Leabharlann Longfoirt 09; Gníomhaí Rosaleen McDonagh ag caint ag Seachtain Fócais ar an Lucht Siúil 2009 (Nollaig).

## AN TSEIRBHÍS CHARTLAINNE CHONTAE LONGFOIRT 2009

I rith 2009, lean Seirbhís Chartlainne Contae Longfoirt ag déanamh dul chun cinn idir chartlann agus bainistiú taifid ach ó mhí Bealtaine ar aghaidh bhíomar gan seirbhísí cartlannaí, faraor.

### PRÓISEÁIL AGUS ROCHTAIN

Ghlanadh agus déanadh liostaí de chartlanna Scoil Náisiúnta Meascaithe Béal Átha Liag, 1889-1953 agus Scoil Náisiúnta Béal Átha Liag, 1958-2007 agus tá siad ar fáil anois le haghaidh rochtain an phobail. Sa bhailiúchán tá leabhar tinrimh, leabhair rolla, leabhair tuairisce laethúla agus líon mór grianghraif.

### SEALBHAITHE

The following collections were deposited:

- Páipéir James Husset, Derryohill, Béal Átha Liag, nach maireann, bainteach lena pháirtíocht i gCogadh na Saoirse, 1919-'21 agus Cogadh Cathartha, 1922-'23
- Páipéir an Canónach Kelly SP, Gránard
- Páipéir Rainsford, litreacha Clann Brooke san áireamh agus dhá ltir sínithe ag an Urramach. John Wesley

### BAINISTIÚ AR THAIFID

Lean an Chartlannaí ag tabhairt comhairliúcháin do fhoireann an údaráis áitiúil ar ghnéithe choinneála thaifid, tréimhse coinneála comhad san áireamh.

## OIFIG OIDHREACHTA LONGFOIRT 2009

Is í aidhm forleathan Phlean Oidhreachta Chontae Longfoirt a áirithiú **"go mbeidh an n-oidhreacht i saol an phobail"**. Baintear amach an sprioc seo mar seo a leanas:

1. Fóram Oidhreachta Chontae Longfoirt a bhunú agus a bhainistiú agus a clárú le *Plean Oidhreachta Longfoirt 2004 – 2009* agus *Plean Oidhreachta Longfoirt 2010 – 2015* a chur le chéile
2. *Plean Oidhreachta Chontae Longfoirt 2004 – 2009* a chomhordú agus a chur chun feidhme
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta atá ann cheanna féin agus Plean Oidhreachta nua a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm ó 2010

### MÓRGHNÍMHARTHA NA HOIFIGE OIDHREACHTA LONGFOIRT I 2009

I 2009 tugadh faoi go leor mór-thograí a gcuireann chun cinn aidhmeanna agus chuspóirí Plean Oidhreachta Longfoirt agus chun eolas agus feasacht a mhéadú ar an éagsúlacht stoic oidhreachta Longfoirt. Lena n-áirítear:

#### ***Tosú ar Phlean Ríochta Poiblí do chroí stairiúil Gránard***

Tá carachtair stairiúil, ailtireachta agus seandálaíochta ag Gránard, baile i gContae Longfoirt, atá uathúil i gContae Longfoirt agus dar ndóigh sna contaetha timpeall air. Thosaigh próiseas comhairliúcháin an Plean Ríochta Poiblí chun treoir a thabhairt do Ríocht Poiblí tarraingteach agus cairdiúil ríocht poiblí, déanta suas de bealaí, cosáin, spásanna oscailte agus struchtúir saoránach, le hidirchaidreamh leis an gComhairle Bhaile agus Coiste an Mhargaidh Ime. Leanfaidh an phróiseas seo ar aghaidh i 2010 le Plean Ríochta Poiblí ag an deireadh.

#### ***Plean Bainistiú Caomhnú do Leachtanna Oileán na Naoimh***

Tá fothraigh Prióireacht Agaistíneach lena atá ann ó thréimhse luath na Críostaíochta le fáil i gcoimpléasc eaglasta ar Oileán na Naoimh i Loch Rí. Tá a suíomh déanta de fothraigh prióireachta os cionn na talún séipéal prióireachta, séipéil bhreise, míreanna den clabhstra agus lios agus reilig. Tá an suíomh in aice le

Loch Rí chomh maith atá aitheanta mar Limistéir Caomhantais Speisialta, Limistéir Faoi Chosaint Speisialta agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta. Déanadh anailís doimhne den suíomh, le moltaí déanta le haghaidh caomhnú an oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta, stairiúil agus oidhreacht nádúrtha an suímh.

### ***Iniúchadh Rochtain ar Leachtanna go raibh Rochtain ar fáil go Traidisiúnta ar Thaifead na Leachtanna & Áiteanna i gContae Longfoirt***

Tá acmhainn an-saibhir ag Contae Longfoirt de oidhreacht seandálaíochta, le cuid mhór de faoi caomhnóireacht phoiblí nó le rochtain traidisiúnta ar shlí nó le feiceáil go soiléir ag an bpobal i gcoiteann. Faoin Acht Náisiúnta um Mhíchumais 2005, tá dualgas rochtain a fháil do chách maidir le gnéithe oidhreachta. Is staidéar bun-líne í an iniúchadh seo ar rochtain ar 300 de shuíomh Longfoirt a raibh rochtain acu go traidisiúnta le moltaí le haghaidh feabhsaithe ar rochtain áit nach gcuirfeadh sé isteach ar iomláine na leachtanna agus suímh.



*Radharc ar an bPríóireacht Agaistíneach meánaoiseach ar Oileán na Naoimh, Loch Rí, leis an séipéal príóireachta ar dheis.*

### ***Clár Seachtain Oidhreachta 2009***

Bhí Seachtain Oidhreachta 2009 ina óstach ar éagsúlacht mhór imeachtaí agus téamaí. An phríomh thopaic ab ea scríbhneoir/file/drámadóir/béaloidéasóir Padriac Colum, le taispeántas dá shaol agus shaothar mar cheann d'imeachtaí na seachtaine a réachtáladh. Spreag cainteanna agus imeachtaí eile a bhí ar siúl feachtas de ghnéithe éagsúla den oidhreacht, speiceas eachtrannach sa ghairneoireacht, an cuir isteach a bhí ag Clann Edgeworth ar réalteolaíocht nua-aimseartha, agus ról na hÉireann i gCogadh Catharthach Meiriceá agus go leor eile nach iad. Mar is gnách bhí clár fairsing in oiriúint d'aoiseanna agus spéis éagsúla tugtha le chéile ó ghrúpaí pobail agus deonacha agus cumainn i gContae Longfoirt.

### **TOGRAÍ OIDHREACHTA TÓGTHA**

Tugadh faoi oibreacha caomhnaithe ar iar Teach an Mhargaidh/Teach na Cúirte i mBaile Uí Mhatháin (Leabharlann Bhaile Uí Mhatháin sa todhchaí) i 2009. I gceist anseo bhí athphointeáil ar dhá stór ag úsáid ábhar traidisiúnta agus teicnicí: Fuinneoga sais sleamhnáin beacht ó thaobh staire de a chur isteach in ionad uPVC agus mion-deisiúcháin eile. Feabhsaigh na hoibreacha seo ar fad feiceálacht agus charachtar an struchtúir bhreá seo go mór, agus leanfaidh na hoibreacha caomhnaithe agus athchóirithe le déanamh i 2010, an treocht seo ar aghaidh ar mhaithe leis an fhoirgneamh agus sráid-dreach Baile Uí Mhatháin.



*Iar-theach margadh Baile Uí Mhatháin agus teach na cúirte tar éis repointing, le fuinneoga sais adhmaid nua.*

D'oibrigh an Oifig Oidhreachta i ngar do Rannóg na mBóithre le linn deisiúcháin riachtanacha ar Dhroichead an Mhuileann i gCluain Dá Ráth, Contae Longfoirt. Bhí gá le falla choimeádach thar lochán an mhuileann a chur leis an droichead seo ón 18ú aois agus an obair cloiche a chur isteach arís go cúramach chun an charachtar stairiúil a chomhlánú.

## FEASACHT OIDHREACHTA

Thug an t-Oifigeach Oidhreachta faoi na nithe seo a leanas chun feasacht oidhreachta i gContae Longfoirt a spreagadh:

- Scéalaíocht, drámaíocht, péinteáil masc agus ceardlanna ealaíona do pháistí i gcomhpháirtíocht leis an ealaíontóir Chris Thompson mar chuid de Fhéile an tSamhraidh Longfoirt, bunaithe ar théamh Étaín agus Midir. Bhí na tarraingtí ó na ceardlanna foilsithe i bhféilire Oidhreacht Miteolaíoch Longfoirt 2010 a bhí ar fáil saor in aisce agus le híoslódáil ó [www.flickr.com/longford\\_library](http://www.flickr.com/longford_library)
- Chuir taispeántas ar chothabháil dál sceach ag an Chraobhchomórtas Deargtha um Cháisc agus taispeántas d'Éin Chreiche ag Seó Talmhaíochta Contae Longfoirt in Iúil 2009.
- Le tionchair i gcoistí, grúpaí agus imeachtaí chun feasacht agus caomhnú oidhreacht éagsúil Longfoirt an Clár Forbartha Tuaithe san áireamh.
- Le tionchair i mbeartaí náisiúnta agus straitéisí maidir le oidhreachta m.sh. aighneachtaí ar Dréacht Liosta Sealadach do UNESCO na hÉireann suíomh Oidhreachta Domhanda.
- Bunachar sonraí a chur le chéile de fhocail thraidisiúnta Longfoirt agus nathanna cainte agus cleachtóirí scileanna traidisiúnta.
- Comhairle agus treoir a chur ar fáil ar ghnéithe oidhreachta do fhoireann an Údaráis Áitiúil agus rannóga, m.sh. obair chloiche i ndeisiúcháin droichid, Struchtúir Cosanta agus caomhnú nó bithéagsúlacht agus an reachtaíocht mórthimpeall plandaí cosanta agus speiceas ainmhithe.



*Péinteáil Mascann i Leabharlann Droim Lis i rith Fhéile an tSamhraidh Longfoirt  
– is charachtar ón fhinscéal Étaín gach Midir masc.*

Is socrú páirtíochta é an Clár Oifigeach Oidhreachta idir An Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Chontae Longfoirt.

## OIFIG EALAÍON LONGFOIRT

### NA HAMHARC EALAÍONA

- Bunaíodh Coláiste Lár Thíre Grianghrafadóireachta i bpáirtíocht le CG Contae Longfoirt ag Coláiste Pobal Teampall Mhichíl Longfoirt. Meallann an Coláiste daltaí ó cúig chontae mórthimpeall a ghlacann páirt i ranganna grianghrafadóireachta agus tograí de fhaid éagsúla ó bhliain amháin go imeachtaí lá amháin. Seo a leanas na cineáil ranganna a chuirtear ar fáil: FETAC Leibhéal 5 Grianghrafadóireacht Digiteach, Grianghrafadóireacht Digiteach Meán Leibhéal, Grianghrafadóireacht Faoi Sholas Íseal, Buntús Photoshop, Teicnící Chun Cinn in Eagrathóireacht Photoshop. Táimid ag súil go leathanófar an clár go suntasach i 2010.
- Grianghrafadóireacht Cónaitheach don Óige a chuir an grianghrafadóir proifisiúnta Luke Danniells ag obair le Coláiste Naomh Mel, Longfoirt agus Ardscoil Phádraig, Gránard. Roinneann an grianghrafadóir a chuid ama idir rang na hidirbhliana Naomh Mel agus rang Ardteisteimeireachta Feidhmeach áit a d'fhorbair sé suim na ndaltaí i ngrianghrafadóireacht agus a dtuiscint de phrionsabail ghrianghrafadóireachta trí shraith de gníomhaíochtaí rang bunaithe chomh maith le trusanna allamuigh agus taispeántais.
- Bunaíodh agus thacaigh le Club Camera Loch Rí i mBéal, Átha Liag Contae Longfoirt.
- Bunaíodh Club Camera Longfoirt
- D'eagraíodh Taispeántais Ealaíona D'eagraigh an tOifigeach Ealaíona roinnt taispeántais ealaíona do ghrianghrafadóirí aonair agus do Chlubanna Camera i rith na bliana. Bhí an cheann is mó ag taispeántas bronnadh na céime ag mic léinn FETAC a thug turas ar Longfoirt, an Iarmhí agus Contae an Chabháin
- Turas Allamuigh Grianghrafadóireachta agus Ranganna Máistreachta i rith na bliana d'eagraíomar sraith de thrusanna allamuigh ghrianghrafadóireacht chomhshaoil agus sráid-dreach chomh maith le clár cuimsitheach leachtaí, taispeántais agus ranganna máistreachta i dtopaic éagsúla ar nós: portráidíocht; grianghrafadóireacht solas comhthimpeallach; "The Exposure Triangle", Teicnící Priontála Digiteach.
- D'fhorbraíodh [www.midlandcollegeofphotography.ie](http://www.midlandcollegeofphotography.ie) suíomh idirlín tugtha do grianghrafadóireacht áise fíor rathúil, cumarsáide lena ár gcliaint grianghrafadóirí ar fud lár thíre chomh maith le ardán a sholáthar lena gcuid oibre a léiriú.

### EALAÍON PHOIBLÍ

- Críochnaíodh le coimisiúnú leacht cuimhneacháin Imirce Baile Longfoirt.

### RANG MÁISTREACHTA HAMHAIRC EALAÍONA

Mar chuid de Chlár Páirtíochta Oifigigh Ealaíon Lár Thíre d'eagraíodh ranganna máistreachta i:

- Grianghrafadóireacht Ard Leibhéal
- Teicnící Péinteála traidisiúnta tempura ubh a lán liosta agus tharraing rannpháirtithe ó sé chontae mórthimpeall

### GRÚPAÍ EALAÍONA

- Ag aon am faoi leith tá idir ceathair agus sé ghrúpaí péinteála gníomhach ag Longfort thug an Oifig Ealaíona tacaíocht do áiseathóirí ceardlanna ar chuairt, cuairteanna ar ghailearaí agus tosaíochtaí eile ealaíona
- Thug Oifig Ealaíona an Chontae, i bpáirtíocht le Oifigeach Oideachais Ealaíona CG na Iarmhí "Togra Atelier Ealaíona" le rannpháirtíocht leis an ealaíontóir Kevin Flood agus an scoláire ealaíona ó Scoil Phobail an Mhaighean

**LITEARTHACHT/ SCRÍBHNEOIREACHT CRUTHAITHEACH**

- Díolaim Longfoirt – bhí eagarthóir gafa acu, Caroline Barry agus cuireadh le chéile agus foilsíodh an dara dhíolaim de scríbhneoireacht Longfoirt. Seolfar an díolaim go luath i mí na Nollag.
- Mar chuid dar thiomantas chun meán digiteach úsáid mar thacaíocht d'fhorbairt scríbhneoireacht cruthaitheach dhéanamar taifead ar na hionchuir do na leachtaí díolaim ag léamh a aighneachtaí agus craolfar é seo ar líne chun dul le seoladh an díolaim.
- Bhunaigh an Oifig Ealaíona cistí Scríbhneoireacht Cruthaitheach Longfoirt chun scríbhneoir a chumasú chun freastal ar Cúrsa Scríbhneoirí Ciarraí.
- Cuireadh le chéile bailiúchán de thaifid clos-amharc de phacáistí comhairle forbairt phroifisiúnta le húrscéalai Caroline Barry
- Déanadh taifead ar agallaimh don suíomh idirlín [www.virtualwriter.net](http://www.virtualwriter.net) le scríbhneoirí ó Longfoirt agus bainteach le Longfort mar gheall ar a fhorbairt cruthaitheach agus proifisiúnta
- Déanadh uasdhatú agus bainistiú ar shuíomh idirlín [www.virtualwriter.net](http://www.virtualwriter.net)
- Tacú le gníomhaíochtaí Ceithre Grúpa Scríbhneoirí Longfoirt
- Cuireadh tacaíocht airgeadais ar fáil do fhile ó Longfort Kieran Furey chun a dhíolaim filíochta is déanaí a thairgeadh

**DRÁMAÍOCHT**

- Cabhrú go gníomhach le Backstage Theatre lena bpáirtíocht i léiriú buaite gradam Nomad den "The Dead School"
- Bhíomar páirteach go gníomhach in iarrachtaí an Ghrúpa Backstage Theatre chun an Fhéile Drámaíochta Dráma Acht Amháin a 2009 chur ar stáitse
- Tacú le léiriú bliantúil grúpa Backstage Theatre
- Tacú le léiriú drámaíochta agus geamaireachta bhliantúil grúpa Backstage Theatre
- Soláthar tacaíocht eagrúcháin, clárú agus airgeadais do Bolgane Theatre Baile Uí Mhatháin

**CEOL & DAMHSA**

- Thacaíomar go leanúnach a sholáthar do Chóir Contae Longfoirt urraithe ag an Oifig Ealaíona
- Thacaíomar le clár Kindermusik atá ag fás gi tapaigh ar fud an chontae
- Thacaíomar togra ceoil thraidisiúnta Maitheas Troim
- Chabhraíomar le club Ceoltóirí Lár Thíre chun an eilimint oideachasúil dá gclár bliantúil a chur a sholáthar
- Thacaíomar le bunú an Scoil Damhsa Annaly

**TOGRAÍ COMHOIBRITHEACH**

- D'oibríomar le Oifigigh Ealaíona Lár Thíre chun bailiú le chéile agus foilsíú an irisleabhar Cultúr agus Ealaíona Lár Thíre
- D'oibríomar le Oifigigh Ealaíona Lár Thíre chun sraith de Ranganna Máistreachta a fhorbairt
- (mar atá thuas)
- Déanadh comh-mhaoiniú ar "Artist Atelier" i Scoil Phobail an Mhaighean le Oifigeach Ealaíona Contae na hIarmhí (mar atá thuas)
- Bunaíodh Coláiste Grianghrafadóireachta Lár Thíre i bpáirtíocht le CG Contae an Longfoirt mar a déanadh cur síos ar thuas)

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

## IARRATAIS AR SHAORÁIL FAISNÉISE 2009

Fuair Comhairle Chontae Longfoirt 20 iarratas ar SF i rith 2009 ó fhoinsí éagsúla gnó, cliaint, foireann agus daoine eile. Fuarthas trí iarratas le haghaidh athbhreithniú inmheánach agus níor déanadh aon achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise.

## SAINCHEADÚNAS

### COINNÍOLLACHA MAIDIR LE CLÁRÚCHÁN

Caithfidh go bhfuil 18 mbliana déag d'aois ag gach uile dhuine ar lá a thagann Clár na dToghthóirí i bhfeidhm (15 Feabhra). D'fheadfaí duine a chur san áireamh ar Fhorlón de Chlár na dToghthóirí ma tá 18 mbliana d'aois ag an duine idir 16 Feabhra agus an lá ina bhfuil an Toghchán nó Reifreann ar siúl.

Tá sé de cheart ag gach uile chónaitheoir, is cuma cén náisiúntacht, a bhfuil 18 mbliana d'aois nó níos mó acu, bheith ar Chlár na dToghthóirí.

Seo a leanas líon an dToghthóirí a bhí i dteideal cótáil ar Chlár na dToghthóirí 2008/2009:

| Toghcheantair Áitiúla | Líon Na dToghthóirí |
|-----------------------|---------------------|
| Baile Uí Mhatháin     | 8318                |
| Droim Lís             | 3762                |
| Gránard               | 6495                |
| Longfoirt             | 9249                |
| <b>Iomlán:</b>        | <b>27824</b>        |

### TOGHCHÁIN ÁITIÚLA 2009

Bhí Toghcháin Áitiúla ar siúl ar an 5 Meitheamh 2009 i gcóir leis na Toghcháin Pharlaimint na hEorpa. Reáchtáladh na toghcháin áitiúla i gcomhfhoiremeacht leis an Ordú um Thoghcheantair Áitiúil Contae an Longfoirt 2008 a leasaigh, roinnt Contae an Longfoirt ina Thoghcheantair Áitiúla agus socraíodh líon na gcomhaltaí de Chomhairle Chontae Longfoirt a thógfar do na limistéir seo a leanas: Baile Uí Mhatháin – 6; Droim Lis – 4; Gránard – 4 agus Longfort – 7. Bhí leasú na dteorainneacha riachtanach ionas go bhféadfaí moltaí an Choiste um Leasú Teorainn a chur san áireamh.

Cuireadh 41 iarrthóir páipéir ainmniúcháin isteach le cuir isteach ar na Toghcháin Áitiúla Contae Longfoirt maidir le ceithre toghcheantair. Reáchtáladh an Chomhaireamh i gCompléacs an Mheal ar an 6 agus 7 Meitheamh 2009. Lean athchomhaireamh é ar an 8 Meitheamh 2009 agus bhí 21 Comhairleoirí tofa ar Chomhairle Chontae Longfoirt.

Tharla reáchtáil rathúil na dtoghcháin áitiúla de thoradh obair chrua, dúthracht, eolas agus tiomantas gach duine a bhí bainteach sa phróiseas.

**CAITEACHAS AR THOGHCHÁIN ÁITIÚLA 2009**

De réir Mír 19 de na Toghcháin Áitiúla (Faisnéisiú na dTabhartais agus Caiteachais) Acht 1999 arna leasú, caithfear sonraí caiteachais tathagaithe toghcháin áitiúla gach iarrthóir agus an tríú pháirtí agus sonraí d'aon tabhartais faighte ag na iarrthóirí a bheith san áireamh san Tuarascáil Bhliantúil. Tá an t-eolas ábhartha leagtha amach thíos.

| Iarrthóir       |              | Costais Tathagaithe | * Tabhartais Faighte (Iarrthóir Míráthúil) |
|-----------------|--------------|---------------------|--------------------------------------------|
| Brady           | Gerry        | €2,660.00           | N/B                                        |
| Bannon          | Larry        | €1,775.00           | N/B                                        |
| Belton          | Paddy        | €2,630.00           | N/B                                        |
| Brennan         | Michael      | €3,000.00           | Nil                                        |
| Butler          | Seamus       | €1,151.21           | Nil                                        |
| Cahill          | Mick         | €2,285.25           | N/B                                        |
| Carrigy         | Micheál      | €3,741.00           | N/B                                        |
| Casey           | Mark         | €3,080.00           | N/B                                        |
| Connell         | Paul         | €1,410.00           | N/B                                        |
| Connell         | Margaret     | €4,043.17           | Nil                                        |
| Duffy           | John         | €3,185.00           | N/B                                        |
| Farrell         | Martin       | €1,460.00           | Nil                                        |
| Farrell         | Adrian       | €1,205.00           | Nil                                        |
| Farrell         | Sean         | €2,316.70           | N/B                                        |
| Farrell         | Brendan      | €1,108.27           | Nil                                        |
| Feeney          | James        | €1,420.65           | Nil                                        |
| Glennon         | Denis        | €2,230.00           | N/B                                        |
| Grimes          | Ciaran       | €1,815.19           | Nil                                        |
| Keaveney        | Seamus       | €940.02             | Nil                                        |
| Kiernan         | Victor       | €2,230.00           | N/B                                        |
| Kilbride        | Frank        | €4,560.00           | N/B                                        |
| Kilbride-Harkin | Maura        | €3,355.65           | Nil                                        |
| Loughrey        | Padraig      | €3,061.18           | N/B                                        |
| Lynch           | Sean         | €2,252.00           | Nil                                        |
| Lynch           | Brian 'Batt' | €3,605.00           | Nil                                        |
| McEntire        | Luie         | €3,074.94           | N/B                                        |
| Mitchell        | Alan         | €2,767.39           | N/B                                        |
| Mulleady        | Martin       | €3,950.00           | N/B                                        |
| Mulligan        | P.J.         | €3,782.21           | Nil                                        |
| Mulvey          | Jack         | €336.50             | Nil                                        |
| Murphy          | Peter        | €1,975.00           | Nil                                        |
| Nevin           | Michael      | €1,300.00           | Nil                                        |
| Nolan           | Anne Marie   | €4,641.97           | Nil                                        |
| Nolan           | Conor        | €1,670.73           | Nil                                        |
| Nolan           | John         | €2,720.00           | Nil                                        |
| Nolan           | Peggy        | €1,360.00           | N/B                                        |
| Reilly          | P.J.         | €2,380.00           | N/B                                        |
| Sexton          | Mae          | €2,017.04           | N/B                                        |
| Steele          | Barney       | €2,290.00           | N/B                                        |
| Stokes          | Tommy        | €2,350.00           | Nil                                        |
| Victory         | Thomas       | €1,924.91           | N/B                                        |

**\* Iarrathóir Rathúil – Tathagaithe Faighte**

Cuirfidh gach comhalta tofa ar fáil don Údarás Áitiúil Nach déanaí ná 31 Eanáir gach bliain Ráiteas Tathagaithe ar leith Agus, más infheidhmithe, ráiteas ó institiúid airgeadais. Má osclaíodh cuntas tathagaithe polaitíochta.

**Ráiteas ón Gníomhaire Náisiúnta/ Duine Ceaptha /Tríú Pháirtí**

| Pairtí                                       | Méid      |  |
|----------------------------------------------|-----------|--|
| Pairtí an Lucht Oibre (Gníomhaire Náisiúnta) | €297.24   |  |
| Fianna Fail (Duine Ceaptha)                  | €1,203.46 |  |

## ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003

Déanadh athbhreithniú ar oibriúcháin céad bliana d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2008-2011 ag ionadaithe ó Oifig an Choimisinéara Teanga ag cruinniú a reáchtáladh in Oifigí an Chomhairle Chontae ar an 1 Meán Fómhair 2009.

Aithníodh go bhfuil na hÚdaráis Áitiúla dírithe ar chur i bhfeidhm na Scéime Teanga ach tá roinnt gealltanais shuntasach fágtha le comhlíonadh roimh Iúil 2011. Bhí nádúr dúshlánach cuir i bhfeidhm na gealltanais seo roimh dheireadh na scéime aitheanta, agus moladh go méadófar ar iarrachtaí na nÚdaráis Áitiúla. Chuirfeadh in iúl áfach, do na hionadaithe go bhfuil réaltacht nua eacnamaíoch ann anois ó aontaíodh an Scéime ar dtús agus go mb'fhéidir go mbeidh sé deacair muna mbíonn sé dodhéanta anois ó thaobh airgeadais de na hoibleagáidí a chomhlíonadh mar a leagadh amach.

Bhaineadh go leor chuspóirí agus spriocanna a bhí ar scéidil le bheith curtha i bhfeidhm i rith 2008 agus 2009 mar a bhí leagtha amach i Scéim Teanga na Gaeilge. Mar a aontaíodh sa scéim déanadh Suirbhé Chustaiméara i 2009 ag iarraidh tuairimí baill an phobail maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. Bhí na torthaí mar seo a leanas: 19% go mba mhaith leo go soláthródh an Chomhairle cuid dá seirbhísí trí Ghaeilge; 58% go mba mhaith leo an Chomhairle a fheiceáil ag úsáid foirmeacha dátheangacha agus 23% go mba mhaith leo a ngnó leis an gComhairle a dhéanamh trí Ghaeilge dá mbeadh seirbhísí ar fáil ag an chaighdeán céanna leis an mBéarla.

Leanfar ag déanamh monatóireachta na Scéime agus leanfaidh an plean cur i bhfeidhm ar aghaidh i rith 2010.

## COISTE INIÚCHÓIREACHTA

